3.7 Education and outreach programmes supported by technical input across the Agency. Delivery of the International Year of the Salmon Youth Conference.	Develop and deliver a series of 4 school and community based engagement programmes. Deliver a programme of events online or by conference. Additional funding sought for Ambassador Programme. Progress reports quarterly on this process. Q1, ongoing throughout the year. Online delivery or Conference and compendium of conference contents published online. Q1/2.	Plans and schedule for each of the programmes in place by Q1 & 2. Programmes delivered by Q3.
3.8 Development of the Agency's permit waters.	Review of lease agreements. Accessibility audit. Develop improvement plans.	Review leases and report to SMT. Q4. Survey angling access and condition. Present report to SMT. Q2. Subject to available budget, repair or replace angling access infrastructure on a prioritised basis. Q2 & 3
3.9 Climate Change Strategy.	Develop a Policy Statement and Strategy to align with Government initiatives.	Policy and Strategy drafted and consulted on. Q2.

Delivery Outcome	Responsible Director/s	Update
<p>Ensure effective communication of Loughs Agency core functions.</p> <p>Local people better engaged with their local environment in Foyle and Carlingford.</p> <p>Successful delivery of the International Year of the Salmon Conference.</p>	<p>Director of Development</p> <p>Director of Aquaculture and Shellfisheries</p>	<p>Foyle and Carlingford Ambassadors Programme and StreamKeepers Project developed but not delivered due to COVID-19 restrictions. Programme funding extended into 2022 to facilitate delivery.</p> <p>Education outreach through schools not delivered throughout 2021.</p> <p>Complete.</p>
<p>Updated leases for Agency's permit waters.</p> <p>Maintenance plan for the Agency's permit waters angling infrastructure.</p> <p>Improvement in access for anglers and mitigation against potential claims for injury due to sub-standard angling access.</p>	<p>Director of Development</p>	<p>Not complete. Draft review and surveys informed by engagement across Directorates within the Agency underway and will complete Q1 2022.</p>
<p>Climate Change Strategy is embedded in project planning.</p>	<p>Head of Science</p>	<p>Work is continuing on the Agency's Climate Action Plan, however, this has been hampered due to the delayed recruitment of the Head of Science.</p>

Business Objective	Key Activities	Delivery Targets
3.10 Development of relevant access infrastructure and programme of habitat and reinstatement works.	<p>Develop and deliver a programme of river works to optimise maximum production of juvenile salmonids.</p> <p>Fulfil existing commitments from 2020 to support rural development river-based access infrastructure initiatives led by external partners.</p>	<p>Programme of works across the catchments identified and work commenced. Q1.</p> <p>At least 5 schemes will be completed by Q4.</p> <p>All project work with LEADER groups from 2020 completed. Q1.</p>
3.11 Development of marine and outdoor nature based leisure activities.	<p>Develop strategy and programme to engage more people in outdoor recreation and leisure activities.</p> <p>Working in collaboration with relevant partners seek funding to implement a programme of instruction, coaching and participation in outdoor recreational activities.</p>	<p>Strategy and Action Plan completed Q1. Plan should aim to have at least 8 outdoor recreational activity events completed each year.</p> <p>Establish partners and funding opportunities. Q1</p> <p>Develop and deliver training programme for instructors and coaches in water based sports and leisure activities. Q3</p>

Delivery Outcome	Responsible Director/s	Update
<p>Ongoing development of juvenile salmonid habitat.</p> <p>Programme of river works is managed to schedule with appropriate risk mitigation in place.</p>	<p>Director of Conservation and Protection</p> <p>Director of Development</p>	<p>Complete.</p> <p>Complete. All relevant works have been delivered and 2021 elements complete.</p>
<p>Establish effective working relationships and partnership approach with Councils within the Foyle and Carlingford areas, Sport NI, Sport Ireland and National Governing Bodies.</p> <p>Developing opportunities for increased participation, requirements for capacity building in existing clubs and identifying the gaps in provision.</p> <p>More people connected to the natural resources of the Foyle and Carlingford areas.</p>	<p>Director of Development</p>	<p>This objective did not progress in 2021 due to the delay in the Review of Marine Tourism.</p>

Strategic Priority 4

To transform Loughs Agency, by investing in our people through building the capability and effectiveness of our staff; by creating a digitally-enabled organisation through upgrading our systems; through strengthening our culture of evidence-informed decision-making and planning and through seeking new insights to create corporate resilience.

As an organisation we interact with a diverse range of stakeholders and other relevant Government Body's, local authorities and communities. In 2021, we will continue to establish our reputation as a respected and trusted partner that can deliver shared visions in terms of managing investment in people and places to optimal effect and in line with the Agency's Strategic Direction.

Business Objective	Key Activities	Delivery Targets
4.1 Technology automation across programmes to enhance the capacity of Agency resources in service delivery.	Development of Scientific Data Management Strategy and System. Development of a Project Management Strategy and System.	Review of current systems and recommendations completed. Q2. Strategies, Action Plans and system in place. Q4.
4.2 Market Research.	Develop and implement an annual programme of relevant market research.	Annual plan agreed and in place, commencement of plan. Q1. Programme completed by Q4.
4.3 Marketing Activities.	Develop a marketing and events programme which takes account of COVID-19 restrictions. Monitor and provide updates on relevant activities. Continuous research and development of new avenues of marketing.	Plan in place. Q1. Activities delivered. Q4. Report on new innovative marketing initiatives developed for immediate and future use completed and presented to Board Q2 and updated Q4.

Delivery Outcome	Responsible Director/s	Update
<p>Secure management systems in place. Data management and project management systems provide evidence based decision-making for projects and policies.</p> <p>All aspects of project management are integrated and embedded in Agency culture.</p>	Head of Science & Director of Corporate Services	<p>Partially Complete. Due to the delay in the recruitment of Head of Science this objective has been delayed.</p> <p>Project Management system under review.</p>
Up to date relevant actionable data available to inform project and organisational development.	Director of Development	Complete. Market research designed and delivered in association with Gray's Communications.
<p>Innovative marketing activities delivered to enable promotion of the Agency's activities.</p> <p>Future marketing initiatives will provide a platform for continuous promotional activities either by virtual or physical delivery.</p>	Director of Corporate Services	<p>Complete. Marketing activity programme designed and delivered in association with Gray's Communications.</p> <p>A managed service was appointed during 2021 following a Review of Communications driven and supported by the Board.</p>

Business Objective	Key Activities	Delivery Targets
4.4 Upgrade of visitor experience at Riverwatch to include new innovative features.	Develop a programme of innovation features to support outreach and education.	Project plan and finances confirmed by end Q1. Works commence in Q1 and complete by end Q2.
4.5 Provide a safe place to work, encouraging staff to engage in activities that promote health and wellbeing.	Develop a Health and Wellbeing Strategy, Policy and Action Plan. Engagement with staff to promote health and wellbeing to all.	Agree Strategy and Plan with employee representatives. Q1. Action Plan delivery commencement Q2-4. Staff engagement sessions to promote health and wellbeing ongoing throughout the year - completion. Q4.
4.6 Introduce Carbon Reduction Initiatives across all areas of responsibility which help address climate change challenges in the workplace.	Reduce emissions from our own activities in partnership with a range of other government agencies and stakeholders, across the catchments to take action that contributes to carbon neutrality and sustainable development within communities across the natural environment.	Audit of carbon emissions across the Agency completed by Q3. Develop a proposal of mitigation measures based on audit of carbon emissions. Target of at least 7% reduction during 2021. Q4. Develop a paperless strategy using cloud-based technology. Q4
4.7 Support the continued delivery of Loughs Agency business objectives through the development of a three year Learning and Development Strategy.	Staff training and development needs analysis. Learning and Development Strategy formulated. Initiation and implementation of staff training programme. Q1.	Learning and Development Strategy actions for 2020 confirmed. Q1. Initial programme of training in place and scheduled. Q1. Staff appraisal model agreed and implemented at all levels in the Agency. Q4.

Delivery Outcome	Responsible Director/s	Update
Enhanced visitor experience at Riverwatch through digital enhancement projects.	Director of Development	Not complete. Riverwatch remained closed during 2021 in line with government guidance. Following an assessment of the facilities on offer, the Senior Management Team requested that a full review of Riverwatch should be carried out in 2022.
Strive to reduce the average number of working days lost to sickness by improving the health and wellbeing of employees through relevant initiatives.	Director of Corporate Services	Wellbeing Strategy in place. Action Plan restricted due to COVID-19, however a suite of online training has been completed by the majority of staff.
Contributing to government initiatives by mitigating carbon emissions from our buildings and fleet of vehicles and boats.	Director of Corporate Services	Partially Complete. Cloud based technology implemented where possible. Proposal being drafted for mitigation measures. Building Energy Rating Assessments completed on Headquarters and Omagh Office.
An established culture of staff development and encouraging staff to take ownership of their personal and professional development, supported by management and with adequate resources in place to meet identified development needs that are consistent with business requirements.	Director of Corporate Services	Staff appraisal system in place and operational. Training matrix approved. A programme of statutory training requirements has taken place.

GNÍOMHAIREACHT NA LOCHANNA
Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais
don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2021

Arna chur faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann agus dhá Theach an Oireachtais de réir an Oird um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999, Sceideal 1, larscríbhinn 2, Cuid 7, Ailt 1.3 agus 2.6

CLÁR NA nÁBHAR

	Uimh. Leathanaigh
FORLÉARGAS AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH	81
CÉ MUID	83
COMHIONANNAS, ÉAGSÚLACHT, INSCNE	85
NA COMHALTAÍ BOIRD	88
AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA	91
AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUADH / THEAS	93
RIALÚ CORPORÁIDEACH	95
AN FHOIREANN	97
FORBAIRT FOIRNE	99
LÁIMHSEÁIL GEARÁN	100
FREAGAIRT AR COVID-19	101
PRÍOMHÉACHTAÍ IN 2021	103
CLÁIR ATÁ MAOINITHE GO SEACHTRACH	114
TUARASCÁIL LUACH SAOTHAIR	117
AGUISÍN 1 – TÁIRGEACHT LE hAIS SPRIOCANNA	129
TOSAÍOCHTAÍ, CUSPÓIRÍ AGUS SPRIOCANNA IN 2021	153

FORLÉARGAS AN PHRÍOMH- OIFIGIGH FHEIDHM- EANNAIGH

FORLÉARGAS AN PHRÍOM- HOIFIGIGH FHEIDH- MEANNAIGH



Tráth a bhfuil intreoir á scríobh agam ar an Tuarascáil Bhliantúil seo, tá comharthaí ann go bhfuilimid réidh leis an chuid is measa d'éifeachtaí COVID-19 a fhágáil inár ndiaidh. Cé nach bhfuil an phaindéim thart go fóill, tá mé dóchasach go mbeidh an bhliain seo níos normálta dár fhoireann agus dár bpáirtithe leasmhara. Léiríonn an Tuarascáil Bhliantúil seo mar a chuaigh muid i ngleic leis na dúshláin a bhí le sárú sa tréimhse seo, agus léirítear chomh maith na héachtaí iontacha a rinne muid agus na pleananna uaillmhianacha atá againn don todhchaí.

Bliain eile a bhí ann ina raibh tionchar ag COVID-19 ar shaol agus ar obair na foirne agus ar na pobail a bhfreastalaímid orthu. Mar fhreagairt ar nádúr athraitheach agus inathraithe na hoibre, bhí leibhéal na tacaíochta a thug muid don fhoireann níos airde ná riamh ó thaobh cúrsaí airgeadúla, digiteacha, praiticiúla agus folláine de. Chruthaigh muid agus neartaigh muid comhpháirtíochtaí agus comhoibriú ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain maidir lenár gcláir AE.

Is é an t-athrú aeráide ceann de na príomhdhúshláin atá romhainn. Bíonn sé ag éirí níos soiléire i gcónaí go bhfuil an aeráid ag athrú agus go mbeidh tionchar suntasach ag na fadhbanna atá á gcruthú ag an athrú aeráide ar shaol gach duine go gceann na mblianta agus na scórtha bliain eile. Mar phríomheagras comhshaoil in Éirinn, tá Gníomhaireacht na Lochanna tiomanta gníomhú le dul i ngleic leis na cúiseanna atá leis an athrú aeráide sna dobharcheantair atá faoinár gcúram.

Tá cur síos ar bhuaicphointí le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil seo, mar aon le samplaí de thionscadail, tionscnaimh agus comhoibriú: tugadh cuid acu chun críche i mbliana; tá roinnt eile idir lámha, agus tá an chuid eile acu díreach á seoladh as an nua. Ní fhéadfaimis na héachtaí atá déanta againn a bhaint amach murach saineolas, tiomantas, gairmiúlacht, obair chrua agus paisean ár bhfoirne. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as áit oibre chomh hiontach léi a dhéanamh de Ghníomhaireacht na Lochanna.

Tháinig deireadh in 2021 le téarmaí fada a bhí caite ag cuid de na Comhaltaí Boird agus is mian liom a deis seo a thapú buíochas a ghabháil leo as an obair chrua atá déanta acu, as a ndúthracht agus as a dtiomantas Gníomhaireacht láidir, rathúil a thógáil.

Cuirim fáilte roimh na Comhaltaí nua ar an Bhord agus roimh an Chomhalta atofa Heather Mackey, atá ceaptha mar Chathaoirleach: is í an chéad bhean í atá sa Chathaoir ag Gníomhaireacht na Lochanna. Tá mé buíoch agus tógtha na Comhaltaí nua seo a bheith ag teacht ar an Bhord agus a mbuanna, saineolas agus peirspictíochtaí féin a bheith á gcur acu le hobair na Gníomhaireachta d'fhonn ár bhFís a fhíorú go leanúnach.

S. McMahon

Sharon McMahon
Príomhoifigeach Feidhmeannach

CÉ MUID

Loughs
Agency
Gníomhaireacht na Lochanna
Factríe fúir Loughs

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

CÉ MUID

Is gníomhaireacht de chuid Choimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann (CFCSE) í Gníomhaireacht na Lochanna a bunaíodh mar Chomhlacht Forfheidhmithe Thuaidh Theas faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta/Bhéal Feirste agus a corpraíodh faoin Ord um Chomhoibriú Thuaidh Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999 agus faoi na hAchtanna um Chomhaontú idir an Bhreatain agus Éire, 1999 agus 2002.

Tá Bord Gníomhaireacht na Lochanna freagrach don Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) agus dá Ranna Rialtais Coimirice – an Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe (RTCGT) sa Tuaisceart, agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) sa Deisceart. Bíonn an Gníomhaireacht á maoiniú ar bhonn 50/50 ag RTCGT i dTuaisceart Éireann agus ag RCAC i bPoblacht na hÉireann.

Is i nDoire atá an Cheanncheathrú againn; tá Oifig Réigiúnach i gCairlinn, Contae Lú, agus tá stáisiún oibríochtúil ar an Ómaigh.

Is í fíis na Gníomhaireachta:

“Trí chomhpháirtíocht agus eolaíocht, ár n-iascaigh agus acmhainní nádúrtha a chosaint agus a fhorbairt.”

Is é ár misean:

“Na hiascaigh agus acmhainní i gceantair an Fheabhail agus Chairlinn a bhainistiú, a chur chun cinn agus a fhorbairt.”

Tá an Gníomhaireacht freagrach as achar 4,070km² de dhobharcheantar i gceantar an Fheabhail agus as achar 480km² de dhobharcheantar i gCairlinn; tá sí freagrach fosta as an dá loch mara agus as ceantar 12 mhíle amach san fharraige ó Loch Feabhail, a shíneann chomh fada le Dún Bó i dTuaisceart Éireann agus Cionn Mhálanna i nDún na nGall. Tá Gníomhaireacht na Lochanna ag bainistiú iascaigh trasteorann sna huiscí sin ó bunaíodh an t-eagras a tháinig roimhe in 1952, Coimisiún Iascaigh an Fheabhail, agus é mar dhualgas air maoirsiú a dhéanamh ar bhainistiú agus cosaint bradáin Atlantaigh agus iascaigh intíre dhobharcheantar an Fheabhail.

Is aidhm le Gníomhaireacht na Lochanna tairbhí inbhuanaithe sóisialta, eacnamaíochta agus comhshaoil a sholáthar trí chaomhnóireacht, bainistíocht, cur chun cinn agus forbairt éifeachtach i dtaca leis na hiascaigh agus na hacmhainní mara i gCeantair an Fheabhail agus Chairlinn.

Is iad feidhmeanna reachtúla na Gníomhaireachta:

- Loch Feabhail agus Loch Cairlinn a chur chun cinn agus a fhorbairt ar mhaithe le cuspóirí tráchtála agus áineasa i gcúrsaí muirí, iascach agus dobharshaothraithe.
- Iascaigh intíre Cheantair an Fheabhail agus Chairlinn a bhainistiú, a chaomhnú, a chosaint, a fheabhsú agus a fhorbairt.
- Dobharshaothrú agus Sliogiascaigh a fhorbairt agus a cheadúnú.
- Turasóireacht Mhuirí a fhorbairt.

Cuireann na Tosaíochtaí Straitéiseacha ardleibhéil seo a leanas, atá aitheanta in [Treoir Straitéiseach don Ré Nua 2020–30](#) ar a cumas do Gníomhaireacht na Lochanna a dualgas reachtúil a chomhlíonadh:

- Ár nDualgas: Caighdeán a Ardú
- Nascanna a Dhéanamh
- An tAistriú Cóir
- Scoth Eagraíochtúil

Is iad ár spriocanna:

- Ár ndualgas reachtúil maidir le caomhnóireacht agus cosaint a chomhlíonadh ar dhóigh inbhuanaithe.
- Nascanna a dhéanamh trí theagmháil agus cumarsáid éifeachtach.
- An tAistriú Cóir a thuiscint agus a chur chun cinn ar dhóigh straitéiseach.
- Meas a léiriú ar ár bhfoireann, inspioráid a thabhairt dóibh, agus feidhmíocht a fheabhsú trí nuálaíocht.

COMHIONAN- NAS, ÉAGSÚL- ACHT, INSCNE

COMHIONANNAS, ÉAGSÚLACHT, INSCNE

Tá Gníomhaireacht na Lochanna tiomanta timpeallacht oibre dhearfach, ionchuimsitheach a chruthú dár bhfostaithe. Is aidhm linn a chinntiú go léirítear go cothrom go bhfuil luach le gach fostaí agus meas orthu, agus go bhfuil ár n-eagras ionadaíoch ar gach cineál duine sa tsochaí. An sainmhíniú atá againn ar éagsúlacht ná an luach atá le gach duine mar dhuine aonair ann féin a thuiscint – tuigimid an luach atá le fostaithe, iarratasóirí poist, mic léinn, comhlaigh agus cuairteoirí mar dhaoine iontu féin. Léirítear an méid sin inár luachanna agus iompraíochtaí agus inár nósanna ceannaireachta:

- Caithimid go maith agus le comhbhá le gach duine
- Tá macántacht agus ionracas mar bhunchloch na ceannaireachta againn.

Tiomantas i dtaca le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

Creidimid go dtéann sé chun sochair do chách ach an éagsúlacht smaointe agus cuir chuige i leith na hoibre ag daoine ó chúlraí difriúla, a bhfuil eispéiris agus féiniúlachtaí éagsúla acu, a ghlacadh chugainn féin agus an luach atá leo a thuiscint. Cuidíonn sé seo lenár bhfostaithe fás agus foghlaim agus cuireann sé ar a gcumas dóibh a lán-acmhainneacht a bhaint amach; tagann feabhas ar chinnteoireacht; treisítear teagmháil agus nuálaíocht, agus cuireann sé ar ár gcumas dúinn freastal níos fearr ar riachtanais ár gcustaiméirí éagsúla.

Chuige sin, tá na coimítmintí seo a leanas déanta againn:

- Timpeallacht a chruthú ina n-aithnítear agus ina bhfuil luach le difríochtaí indibhidiúla agus lena bhfuil le cur ag gach ball foirne lenár n-obair.
- Gan cur suas le hiompraíochtaí doghlactha, ciapadh, leithcheal, bulaíocht (cibearbhulaíocht san áireamh) ná íospairt

in aon réimse fostaíochta ná i soláthar seirbhísí dár gcustaiméirí.

- Treoir agus oiliúint a thabhairt don Bhord, d'fhostaithe agus do chonraitheoirí maidir le héagsúlacht, ionchuimsiú agus comhionannas deiseanna.
- Aon duine a mhothaíonn gur imríodh leithcheal orthu nó a chonaic a leithéid ag titim amach a spreagadh leis an cheist a ardú lena mBainisteoir Líne nó lena n-ionadaí Ceardchumainn.
- Gach duine a chur ar an eolas faoina bhfreagracht phearsanta maidir le comhdheiseanna a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn agus iad ag plé le daoine ó lá go lá, agus fostaithe a spreagadh le caitheamh le gach duine le dínit agus le meas.
- Athbhreithniú a dhéanamh go rialta ar ár gcleachtais, polasaithe agus gnáthaimh fostaíochta lena chinntiú go mbímid ag déanamh de réir mar a éilítear leis an ráiteas seo.
- Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht ár dtiomantas don éagsúlacht agus don ionchuimsiú agus do na polasaithe agus gnáthaimh a bhaineann leo, agus eolas a thabhairt don chomhlacht sainchomhairleoireachta uair sa bhliain ar a laghad.

Éilimid go n-aithníonn gach ball foirne na coimítmintí seo agus go ngníomhaíonn siad dá réir. Lena chois sin, déanfaimid de réir na reachtaíochta ábhartha uile agus de réir an dea-chleachtais.

Ní dhéanfar leithcheal san éagóir ar aon duine aonair. Áirítear leis sin, i measc nithe eile, leithcheal bunaithe ar aois, míchumas, athrú inscne, stádas pósta nó comhpháirtíochta sibhialta, toircheas nó saoire mháithreachais, cine, reiligiún nó creideamh, gnéas nó gnéaschlaonadh.

Ag Plé le Leithcheal

Níl iompraíocht dhoghlaigh, ciapadh, leithcheal, bulaíocht (cibearbhulaíocht san áireamh) agus íospairt i leith aon duine ag teacht lenár spriocanna timpeallacht thacúil oibre a chothú, agus ní chuirfear suas lena leithéid. Fiosrófar líomhaintí maidir le hiompar den chineál seo agus déanfar bearta smachta de réir an Pholasaí agus Gnáthamh um Dhínit san Obair.

Freagracht

- Tá an Bord freagrach go foriomlán as a chinntiú go mbímid ag oibriú de réir creat comhdheiseanna.
- Tá an Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí freagrach go foriomlán as bainistíocht, atá tarmligthe do gach bainisteoir ar fud an eagrais.

- Tá sé mar dhualgas ar gach fostaí tacú agus seasamh leis na prionsabail a bhaineann lenár gcoimítmint i dtaca le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú agus leis na polasaithe agus gnáthaimh ghaolmhara.
- Tá an Stiúrthóir Seirbhísí Corporáideacha freagrach as an ráiteas seo a choinneáil faoi athbhreithniú.

Déantar an ráiteas seo a athbhreithniú go rialta agus, más gá, déantar é a athscríobh i bhfianaise athruithe reachtúla nó eagraíochtúla. Tá an ráiteas ar fáil don phobal trí shuíomh gréasáin Gníomhaireacht na Lochanna agus ar bhealaí eile.



NA COMHALTAÍ BOIRD

NA COMHALTAÍ BOIRD

Tá 12 Bhall ar Bhord Choimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann agus is í an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) a cheapann iad. Comhlíonann an Bord feidhmeanna na Comhlachta maidir le Ceantair an Fheabhail agus Chairlinn trí Ghníomhaireacht na Lochanna. Ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 12 Nollaig 2021 bhí triúr ban agus ochtar fear ina gComhaltaí Boird. Ón 1 Aibreán 2021 ar aghaidh, bhí ceathrar acu as feidhm mar gheall ar staid leanúnach polaitíochta i dTuaisceart Éireann.

Ar an 14 Deireadh Fómhair 2021, cheap CATT cúigear Comhaltaí Boird nua ar Bhord Ghníomhaireacht na Lochanna agus thosaigh siad ina róil ar an 13 Nollaig 2021, an dáta céanna ar ceapadh Heather Mackey ina Cathaoirleach ar Ghníomhaireacht na Lochanna don tréimhse an 13 Nollaig 2021 go dtí an 12 Nollaig 2026.

Ón 13 Nollaig 2021 ar aghaidh bhí triúr ban agus seachtar fear ina gComhaltaí Boird. Tá dhá fholúntas ar an Bhord faoi láthair: Leas-Chathaoirleach agus Comhalta Boird amháin.

Rialú

Tá rólanna agus freagrachtaí Bhord Ghníomhaireacht na Lochanna leagtha amach i Meabhrán Airgeadais na Gníomhaireachta. I measc na gceisteanna a bpléann an Bord go sonrach leo tá:

- Dearbhú Coimhlint Leasa;
- Straitéis an Bhoird a shocrú, le comhaontú ó CATT;
- Tuarascálacha ó Choistí;
- Tuarascálacha Airgeadais / Cuntais Bhainistíochta;
- Tuarascálacha Feidhmíochta, agus;
- Ceisteanna Forchoimeáda.

De réir na ndualgas atá leagtha amach sa Chód Iompair, tá freagracht chorparáideach ar an Bhord as a chinntiú go mbíonn an Ghníomhaireacht ag comhlíonadh na n-aidhmeanna agus na gcuipóirí arna socrú ag na Ranna Coimircíochta, RTCGT agus RCAC, arna bhfaomhadh ag CATT, agus as úsáid éifeachtach, thíosach, éifeachtúil a bhaint as acmhainní foirne agus eile leis an

Ghníomhaireacht a chur chun cinn.

An Bord

Déanann Bord Ghníomhaireacht na Lochanna an méid seo a leanas:

- socraíonn sé treoir straitéiseach fhoriomlán na Gníomhaireachta de réir an chreat polasaí agus acmhainní arna shocrú ag CATT, ag na hAirí cuí agus ag na Ranna Coimircíochta;
- tugann sé dúshlán na Foirne Bainistíochta Sinsearaí ar dhóigh chuidiúil maidir le pleanáil, socrú spriocanna agus feidhmíocht;
- cinntíonn sé go gcoinnítear na Ranna Coimircíochta ar an eolas faoi aon athruithe ar dócha go mbeidh tionchar acu ar threoir straitéiseach na Gníomhaireachta nó ar inchomhlíontacht spriocanna an eagrais, agus socraíonn siad na céimeanna is gá a ghlacadh le plé lena leithéid d'athruithe;
- cinntíonn sé go ndéantar de réir na riachtanas reachtúil agus riaracháin a bhaineann le húsáid cistí poiblí; go n-oibríonn an Ghníomhaireacht taobh istigh de theorainneacha a dualgais reachtúil agus de réir aon údarás tarmligthe arna chomhaontú leis na Ranna Coimircíochta, agus de réir aon choinníollacha eile a bhaineann le húsáid cistí poiblí; agus, cinntíonn sé nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh go nglacann an Bhord san áireamh an treoir ábhartha uile arna heisiúint ag CATT, na Ranna Airgeadais agus na Ranna Coimircíochta;
- cinntíonn sé go bhfaigheann sé faisnéis airgeadais faoi bhainistiú na Gníomhaireachta agus go scrúdaíonn sé í go rialta; go gcuirtear ar an eolas é go tráthúil maidir le haon cheisteanna buairimh i dtaca le gníomhartha na Gníomhaireachta; agus go dtugann sé dearbhú dearfach do na Ranna Coimircíochta go bhfuiltear ag déanamh na ngníomhartha cuí maidir le ceisteanna buairimh;
- bíonn ardchaighdeán rialú corparáideach

i bhfeidhm i gcónaí aige, lena n-áirítear úsáid a bhaint as an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca le cuidiú leis an Bhord dul i ngleic le príomhrioscaí airgeadais agus eile atá roimh an Ghníomhaireacht.

Bhí ceithre Chruinniú Boird ann in 2021. Mar gheall ar an staid leanúnach polaitíochta i dTuaisceart Éireann, ní raibh an Ghníomhaireacht in ann córam a fháil i gcás dhá cheann den sé chruinniú Boird in 2021.

Comhalta Boird	Ról	Tinreamh
Laurence Arbuckle (Cathaoirleach an Bhoird go dtí an 12 Nollaig 2021)	Cathaoirleach	4
Andrew Duncan (tháinig deireadh lena théarma ar an 12 Nollaig 2021)	Leas-Chathaoirleach	3
Phil Mahon (tháinig deireadh lena téarma ar an 12 Nollaig 2021)	Comhalta	4
Michael McCormick (tháinig deireadh lena théarma ar an 12 Nollaig 2021)	Comhalta	3
Terry McWilliams	Comhalta	0
Allan Ewart (tháinig deireadh lena théarma ar an 12 Nollaig 2021)	Comhalta	0
Alastair Patterson (tháinig deireadh lena théarma ar an 12 Nollaig 2021)	Comhalta	0
Ian McCrea (tháinig deireadh lena théarma ar an 12 Nollaig 2021)	Comhalta	1
Fiona Walsh (thosaigh an dara téarma aici ar an 13 Nollaig 2021)	Comhalta	3
Heather Mackey (Cathaoirleach an Bhoird ón 13 Nollaig 2021 ar aghaidh)	Comhalta	4
Patrick Gibbons (tháinig deireadh lena théarma ar an 12 Nollaig 2021)	Comhalta	4
Danny Kennedy (ceapadh é ar an 30 Iúil 2021)	Comhalta	2
Frances Lucy (ceapadh í ar an 13 Nollaig 2021)	Comhalta	
Declan Little (ceaptha ar an 13 Nollaig 2021)	Comhalta	
Niall Greene (ceaptha ar an 13 Nollaig 2021)	Comhalta	
Jack Keyes (ceaptha ar an 13 Nollaig 2021)	Comhalta	
Conor Corr (ceaptha ar an 13 Nollaig 2021)	Comhalta	

Cruinnithe Boird

Uimh.	Dáta
125	23 Feabhra 2021
126	15 Meitheamh 2021
127	21 Deireadh Fómhair 2021
128	8 Nollaig 2021

Tá miontuairiscí na gcruinnithe thuasluaite le fáil ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta: www.loughs-agency.org

AN COISTE INIÚCHÓIRE- ACHTA AGUS RIOSCA

AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA

Bhunaigh Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann Coiste Iniúchóireachta agus Riosca chun tacú leis ina fhreagrachtaí riosca, smachta agus rialaithe, agus le dearbhú gaolmhar.

Cuireann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca comhairle ar an Oifigeach Cuntasaíochta agus ar an Bhord faoi na cúrsaí seo a leanas:

- na próisis straitéiseacha maidir le riosca, smacht agus rialú agus maidir leis an Ráiteas um Rialú Inmheánach;
- polasaithe cuntasaíochta agus Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais na Gníomhaireachta;
- gníomhaíochtaí atá beartaithe agus torthaí ar Iniúchta Inmheánacha agus Seachtracha araon;
- leordhóthaineacht freagairt an lucht bainistíochta maidir le ceisteanna a ardaítear i dtuarascálacha iniúchóireachta Inmheánacha agus Seachtracha;
- dearbhú a bhaineann le bainistiú riosca agus riachtanais rialaithe corparáidigh na Gníomhaireachta;

- polasaithe frithchalaoise, próisis sceitheoireachta agus socruithe i dtaca le fiosrúcháin speisialta a bhreithniú;
- tuarascálacha ábhartha ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus ó eagrais eile a fháil;
- torthaí ar athbhreithnithe ábhartha inmheánacha nó seachtracha a bhfuil ciallachais shuntasacha acu don Gníomhaireacht a bhreithniú.

Bhí cruinniú amháin de Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ann in 2021. Mar gheall ar an staid leanúnach polaitíochta i dTuaisceart Éireann ní raibh an Gníomhaireacht in ann córam a fháil i gcás trí cinn den cheithre chruinniú riachtanacha den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2021. Ag an 127ú Cruinniú Boird ar an 15 Meitheamh 2021, ceapadh Phil Mahon ar an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

D'éirigh Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca as ar an 14 Deireadh Fómhair 2021.

Is iad seo a leanas sonraí faoi chomhaltaí den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus a dtinreamh ag cruinnithe in 2021:

Comhalta Boird	Ról	Tinreamh
Patrick Gibbons (d'éirigh sé as ar an 14 Deireadh Fómhair 2021)	Cathaoirleach	1
Fiona Walsh	Comhalta	1
Allan Ewart	Comhalta	0
Alastair Patterson	Comhalta	0
Phil Mahon (ceapadh í ar an 15 Meitheamh 2021)	Comhalta	1
Andrew Walker	Comhalta cothofa	1

Cruinnithe den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

Dáta

15 Meán Fómhair 2021

AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH/THEAS

AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH/THEAS

Ní raibh aon Chruinniú Earnála Dobharshaothraithe agus Muirí ag an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas in 2021.



RIALÚ CORPARÁIDEACH



RIALÚ CORPARÁIDEACH

Tá ról lárnach ag an Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha i mbaint amach spriocanna straitéiseacha na Gníomhaireachta. D'éirigh leis an Gníomhaireacht a dualgais a chomhlíonadh ar bhonn leanúnach in 2021. An fhianaise air sin ná uasdátuithe a bheith tugtha don Bhord agus don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca; comhlíonadh próisis bainistithe riosca, agus córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chur i bhfeidhm.

Rinne an Gníomhaireacht monatóireacht ar a caiteachas le hais buiséid fhaofa agus thug sí tuairiscí rialta dá Ranna Coimircíochta. Leanadh le cruinnithe rialta Rialaithe agus Cuntasachta leis na Ranna Coimircíochta agus le teagmháil

laethúil le linn 2021 lena chinntiú go raibh an Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit agus an Comhaontú Maoirsithe (RCAC) agus an Lámhleabhar Coimircíochta (RTCGT) á gcomhlíonadh.

Iniúcháireacht Inmheánach

Is cuid thábhachtach de Rialú Corparáideach foriomlán na Gníomhaireachta í Iniúcháireacht Inmheánach. Leis an Iniúcháireacht Inmheánach, déantar córais, na gnáthaimh a bhaineann leo agus rialuithe a thástáil agus déantar tuairiscí faoina éifeachtaí atá siad. Fuair an Gníomhaireacht rátáil 'sásúil' in 2021.




AN FHOIREANN



AN FHOIREANN

Is struchtúr ceithre Stiúrtóireacht atá i bhfeidhm sa Ghníomhaireacht (Forbairt, Dobharshaothrú agus Sliogiascaigh, Caomhnóireacht agus Cosaint, agus Seirbhísí Corparáideacha) agus tá rannóg Eolaíochta ann chomh maith. Tá croífhóireann bhuan fhaofa 53 duine ann faoi láthair.

Cairt Eagraíochtúil na Bainistíochta Sinsearaí amhail 31 Nollaig 2021



FORBAIRT FOIRNE

FORBAIRT FOIRNE

Aithníonn an Ghníomhaireacht an tábhacht atá le forbairt foirne agus le tionscnaimh forbartha pearsanta leanúnaí do gach ball foirne. Le linn na bliana, chuaigh an Ghníomhaireacht i ngleic le riachtanais oiliúna agus forbartha na foirne. Díríodh ar choinneáil eolais agus scileanna agus ar an fhoireann a spreagadh agus cuireadh an oiliúint in oiriúint le go dtiocfadh leis an Ghníomhaireacht a cuspóirí a bhaint amach agus le go bhféadfadh baill foirne aonair a riachtanais féin a chomhlíonadh.

LÁIMHSEÁIL GEARÁN

Tá gnáthamh ag an Ghníomhaireacht le gearáin a láimhseáil. Tá teacht air [anseo](#). Ní bhfuarthas aon ghearán in 2021.



FREAGAIRT AR COVID-19



FREAGAIRT AR COVID-19


Bhí Gníomhaireacht na Lochanna tiomanta i gcónaí i rith na paindéime COVID-19 timpeallacht shábháilte, shláintiúil a chur ar fáil d'fhostaithe, do pháirtithe leasmhara agus don phobal agus a chinntiú san am céanna go raibh a cuid gnó ag dul ar aghaidh go leanúnach.

Ní raibh cead isteach ag an phobal inár n-oifigí ná in Ionad Cuartaíochta Riverwatch, agus d'aistrigh baill foirne oifige ón oifig go dtí an baile de réir chomhairle an rialtais i rith 2021.

Lean an Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí le hathbhreithniú ar an phlean freagartha COVID-19, a raibh réimse cleachtais shlána oibre mar chuid de.

Lean an Fhoireann Cosanta lascach agus an Fhoireann Eolaíochta le comhlíonadh dhualgais reachtúla na Gníomhaireachta i rith 2021, de réir threoirlínte rialtais sa dá dhlínse.

Tá súil againn gur féidir leis an Ghníomhaireacht filleadh ar thimpeallacht na hoifige in 2022 nuair a bheidh srianta an rialtais scaoilte. Mar gheall ar a rathúla atá an obair ón bhaile, breithneoidh Foireann Bhainistíochta Sinsearaí na Gníomhaireachta samhail hibrideach oibre a éascaíonn meascán den obair sa bhaile agus san oifig, agus déanfar monatóireacht leanúnach ar chomhairle shláinte phoiblí agus déanfar dá réir.



PRÍOMHÉACHTAÍ IN 2021

PRÍOMHÉACHTAÍ IN 2021

Cosaint Iascach

In ainneoin srianta COVID-19, bhí oibríochtaí forfheidhmithe ag dul ar aghaidh de réir ár lánacmhainneachta i rith 2021. Lean na criúnna cosanta le patróil chladaí agus patróil bháid ar fud Cheantair an Fheabhail agus Chairlinn. Gabhadh roinnt trealamh mídhleathach iascaireachta mar thoradh ar na patróil sin.

Tá an Ghníomhaireacht buíoch as an tacaíocht ó Sheirbhís Phóilíneachta Thuaisceart Éireann agus ón Gharda Síochána.

Urghabháil

	2017	2018	2019	2020	2021
Báid agus Gluaisteáin	3	1	2	7	4
Líonta	78	41	31	37	40
Eile	17	7	8	7	17
Slait Iascaireachta	46	42	48	55	43
Salmanaidí	27	17	14	75	43
Éisc Eile	4	27	215	15	120
Málaí Oisrí	4	8	1	2	0

Eachtraí Truailithe

Le linn 2021 phléigh Gníomhaireacht na Lochanna le truailliú uisce mar gheall ar fhoirgníocht shibhialta agus sciodar talmhaíochta. Chomh maith leis sin, dhéileáil an fhoireann le sileadh ola, scaoileadh séarachais, láithreáin líonta talún neamhúdaraíthe agus ceisteanna a d'éascair as bainistiú tionscadail fuinnimh ghlais. I measc na n-eachtraí ba thromchúisí bhí marú líon mór iasc in Abhainn Aghlisk i mí na Bealtaine 2021.

D'fhiosraigh an Ghníomhaireacht breis agus 482 eachtra i rith na bliana.

	2017	2018	2019	2020	2021
Sceitheadh Dramhaíola Neamh-Thalmhaíochta	14	13	11	24	23
Talmhaíocht	87	57	82	107	81
Ceimiceach	4	4	8	4	6
Truailliú Ar Bith Aimsithe	79	64	60	33	286
Ola	4	14	17	18	7
Eile	41	24	54	68	37
Séarachas	23	12	17	26	36
Ainmhithe Marbha	4	3	2	1	6

Clár Monatóireachta

Eolaíochta na nIascach

Lean an Ghníomhaireacht le hinfheistíocht a dhéanamh i bhforbairt a Cláir Áiritheoirí Iasc lena chinntiú go raibh an ceithre áiritheoir iasc reachtúla san Fhinn, sa Ró, sa Mhorn agus san Fhochaine ag teacht le ceanglais reachtúla intíre agus le caighdeáin i gcomhaontuithe idirnáisiúnta, ionas go dtiocfadh leis an Ghníomhaireacht tuairisceáin dhaingne a chur chuig an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéaladh na bhFarraigí agus chuig an Eagras um Chaomhnú Bradáin Atlantaigh Thuaidh.

Bailíodh sonraí tábhachtacha agus reachtúla in 2021, eolas do Thuairiscí Stádais san áireamh.

Tástáladh na gaistí brainlín agus cuireadh iad sa Ró agus san Fhochaine, rud a d'fhág go rabhthas in ann measúnú a dhéanamh ar aistriú na mbrainlín in 2021 agus clibeanna a chur orthu mar chuid de Thionscadal SeaMonitor.

In 2021 díorthaíodh na sonraí a leanas ó na háiritheoirí iasc atá luaite i reachtaíocht:

- Níor baineadh amach an teorainn chaomhnóireachta in abhainn na Finne.
- Bunaithe ar na sonraí ón obair a rinne Ollscoil Ghlaschú ar an chora i Muileann an tSiáin, baineadh amach an teorainn chaomhnóireachta agus an sprioc bhainistíochta.
- Baineadh amach an teorainn chaomhnóireachta agus an sprioc bhainistíochta san Fhochaine.
- Baineadh amach an teorainn chaomhnóireachta agus an sprioc bhainistíochta in Abhainn na Ró.

	Teorainn Chaomhnóireachta	% Comhlíonta	Sprioc Bhainistíochta	% Comhlíonta	Comhaireamh 2021
An Fhinn	4,328	56	5,410	45	2,409
An Mhorn	6,287	51	7,859	41	3,197
Abhainn na Ró	1,466	301	1,833	240	4,415
An Fhochaine	640	371	800	297	2,373

Siocair nár baineadh amach an teorainn chaomhnóireachta san Fhinn in 2020, rinneadh Dearbhú go luath in 2021, de bhun Alt 4 de na Rialacháin um Cheantar an Fheabhail (Rialú lascaireachta) 2010, de bhun Chuid 13(1) de Acht lascaigh an Fheabhail 1952 agus de bhun Chuid 13 (1) de Acht lascaigh an Fheabhail (Tuaisceart Éireann) 1952.

Leis an Dearbhú sin, cuireadh líontóireacht ar fionraí san Fheabhal, i Loch Feabhail agus sa cheantar chun farraige i Loch Feabhail agus cuireadh srianta ar an tslatiascaireacht san Fhinn: is ar bhonn gabhála agus scaoilte amháin a ceadaíodh slatiascaireacht san Fhinn le linn shéasúr iomlán 2021.

Achoimre ar Áireamh na nIasc 2017 – 2021

	2017	2018	2019	2020	2021
An Fhinn	1,985	3,955	4,247	2,302	2,409
An Mhorn	912	1,214	2,820	3,915	3,197
Abhainn na Ró	2,371	4,305	1,573	3,696	4,415
An Fhochaine	1,763	1,046	3,976	6,300	2,373

Intleacht Shaorga

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Gníomhaireacht na Lochanna maidir le feabhsúcháin bunaithe ar an teicneolaíocht sa chlár monatóireachta eolaíochta agus i dtionscnaimh a bhaineann le speicis d'éisc, le cáilíocht an uisce agus leis an athrú aeráide.

Agus an Intleacht Shaorga (IS) in úsáid i gclár áirimh iasc Gníomhaireacht na Lochanna, laghdaítear an méid ama agus an dua a bhíonn le caitheamh d'fhonn sonraí áirimh iasc a dhearbhu le hais na bhfíschomhad gaolmhar. Tá dearbhú físeán fadálach, malltriallach, ach nuair a bhíonn meaisínfhoghlaím i gceist, is féidir le Gníomhaireacht na Lochanna an próiseas iomlán, ó bhailiú sonraí go tuairisciú eolaíochta, a dhéanamh go huathoibríoch.

Bhí clár píolótach ag an Gníomhaireacht in 2020 agus d'éirigh leis. Ar na torthaí bhí sainaithint speiceas, forbairt tairseach thuairiscithe maidir le cruinneas IS, agus forbairt comhthiomsú físeán bunaithe ar shonraí ó áiritheoirí VAKI arna bpróiseáil ó láthair áirimh iasc na Fochaine. In 2021 leanadh leis an tionscadal agus tá sé beartaithe cur leis an mheaisínfhoghlaím atá déanta go dtí seo ach físiú dearbhaithe lasnairde ó áiritheoirí friotachais Gníomhaireacht na Lochanna a thabhairt isteach ar mhaithe le hanailís agus próiseáil sonraí a dhéanamh. I ndeireadh an lae, is é sprioc fhoriomlán an tionscadail sna séasúir atá le theacht IS a úsáid ar fud dhobharcheantar áirimh Gníomhaireacht na Lochanna le dearbhú agus anailís sonraí a dhéanamh i dtaca leis na háiritheoirí iasc agus na sonraí eolaíochta a ghintear.

Clár Cáilíochta Uisce

Lean an Gníomhaireacht in 2021 le cur i bhfeidhm an Chlár Monatóireachta Leanúnaí Fionnuisce agus Teiliméadrachta d'fhonn taifead fíor-ama a dhéanamh ar thréithe cáilíochta uisce.

Tá an tsamhail is deireanaí de chuid Sondas agus stáisiúin nua aimsire in úsáid ó bhí Eanáir 2021 ann sa Ró, san Fhinn agus sa Mhór.


Cuireadh dhá ghléas Sondas eile sa Chamabhainn agus sa Rí i mí Mheán Fómhair 2021.

Ritheoga d'Eascanna

Chuir an Gníomhaireacht ritheoga d'eascanna sa Ró agus sa tSruthail in 2021. Tá ceithre ritheoga d'eascanna anois ag an Gníomhaireacht sa Ró, san Fhochaine, sa tSruthail agus san Fhinn, a éascaíonn turas na n-eascann slán sábháilte suas na habhainnchórais.

An Teocht sna hAibhneacha

Ba í an tréimhse fhada d'aimsir the go mall i mí Iúil an dúshlán ba mhó ag an Gníomhaireacht ó thaobh na n-iascach fiáin de.



Le go mairfidh bradáin, bíonn uisce fuar, glan, ocsaiginithe de dhíth orthu. D'fhéadfadh uisce atá róthe a bheith marfach do bhradáin. Nuair a bhíonn an teocht ard, bíonn éileamh níos mó ar ocsaigin ach bíonn an soláthar ocsaigine níos ísle. Nuair a ardaíonn an teocht, féadfaidh tocsaineacht an uisce ardú fosta de réir mar a éiríonn substaintí tocsaineacha níos intuaslagtha. Lena chois sin, féadfaidh uisce te dochar a dhéanamh do chóras imdhíonach na mbradáin agus féadfaidh galair theacht orthu níos éasca.

Nuair a bhí an adhaimsir ann, thomhais Oifigigh na nIascach teocht an uisce sna aibhneacha. Tá na torthaí le fáil thíos taobh le teochtaí marfacha do speicis ar leith. Baineann na teochtaí marfacha le huisce glan; sa chás ina mbíonn ocsaigin tuaslagtha san uisce, bíonn sé

marfach ag teocht níos ísle. Ní raibh an Ró ná an Fhochaine go ró-olc. Is dócha gur insreabhadh screamhuisce nádúrtha ó shil-leagáin ghainimh agus ghairbhéil ba chúis le teocht na n-aibhneacha seo a choinneáil mar a bhíonn de ghnáth.

Athchóiriú na Moirne Bige

Ar an 13 Samhain 2020, sciort achar tuairim is 4.5 heicteár de phortach móna in aice le suíomh forbartha feirme gaoithe isteach i sruthán friothálach agus as sin isteach sa Mhorn Bheag.

Bunaíodh dhá Ghrúpa Oibre Idir-Ghníomhaireachta ina dhiaidh sin, ceann a bhaineann le forfheidhmiú agus ceann eile a bhaineann le hathchóiriú. Tháinig na grúpaí le chéile go rialta in 2021 le forbairtí i dtaca leis an eachtra a athbhreithniú. Ba é príomhchuspóir na ngrúpaí sonraí eolaíochta agus eolas a chomhroinnt oiread agus a thiocfadh leo, lenár áiríodh, i measc nithe eile, eolas lenár aithníodh na gnáthóga agus speicis ar imir an eachtra tionchar orthu, méid an tionchair ar na gnáthóga agus ar na speicis, agus an dóigh ba fhóirsteanaí leis na gnáthóga agus speicis a athchóiriú agus a athshlánú. Bhí Gníomhaireacht na Lochanna mar Chathaoirleach ar na grúpaí agus seo a leanas liosta de na heagrais eile a bhí iontu:

- Comhairle Chontae Dhún na nGall (Forfheidhmiú Pleanála, an Rannóg Chomhshaoil agus Innealtóirí).
- An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (Bitheolaithe agus Baill Foirne na Treorach um Dhliteanas).
- An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.
- Gníomhaireacht Chomhshaoil Thuaisceart Éireann (an Treoir um Dhliteanas Comhshaoil, Cáilíocht Uisce agus an Rannóg um Ainmniú Nádúrtha).
- Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin.
- Uisce Thuaisceart Éireann (Baill Foirne Cóireála Uisce).

Fuarthas maoiniú breise ón dá Roinn Coimircíochta agus thosaigh an Gníomhaireacht ar oibreacha athchóirithe ar

Abhainn na Moirne Bige in 2021 i ndiaidh do shuirbhéireacht a bheith tugtha chun críche. Tá an Mhorn Bheag rannata ina seacht limistéar ar leith ag an fhoireann atá ag déanamh obair athchóirithe uirthi agus tá plean gnímh déanta faoi choinne gach limistéir.

Tá an obair atá molta faoi choinne gach limistéir difriúil ag brath ar an mhéid idirghabhála atá de dhíth. Mar shampla, bhí meascán de theicnící crua-innealtóireachta agus bog-innealtóireachta in úsáid i limistéar a haon ag Droichead na Cruaiche, a shíneann tuairim is 550m síos ón droichead: feabhsúcháin ar ghairbhéal sceathraí a raibh truailliú móna déanta air; an abhainn a chosaint ar phóitseáil ionchasach beostoic, agus an timpeallacht bhrúachánach a fheabhsú le plandaí bithéagsúla. Tá fálú, cur plandaí, sraodbhallaí carraige, glanadh gairbhéil agus crú-bhléinte sa phlean feabhsúcháin do gach limistéar.

Forbairt na Slatiascáir-achta agus Iascach

Cur plandaí ar son Feabhsú Aibhneacha trí Réitigh Chomhshaoil
In 2021 chuir an Gníomhaireacht tús leis an chéad bhliain de chur chuige nuálach dúlraibhunaithe trí bliana d'fhonn bainistiú iascach a fheabhsú agus tacú leis sin go réamhghníomhach. Táimid ag obair i gcomhpháirt le Woodland Trust agus tá cur chuige forghníomhach ann le dul i ngleic le ceisteanna a mbeadh tionchar tubaisteach acu ar iascaigh. Beimid ag obair i gcomhpháirtíocht le húinéirí talún, feirmeoirí agus eagrais eile atá ag teacht lenár gcur chuige.

Dhírigh an tionscadal ar cheithre limistéar ar leith in 2021 agus bunaíodh cur chuige a leanfar

leis sa dá bhliain atá amach romhainn i limistéir eile i ndobharcheantair an Fheabhail agus Chairlinn.

Scéimeanna Gnáthóg agus Athchuir

Rinne an Ghníomhaireacht oibreacha suntasacha ar ghnáthóga i rith na bliana, lenár áiríodh: fálú bruachánach; cur crann agus forbairt struchtúir ghnáthóige salmainide ionsrutha. Tá scéimeanna rialaithe creimthe déanta ag an Ghníomhaireacht fosta le gnáthóga salmainidí óga a chosaint. Mar shampla:

Abhainn Choilleadh

Stoitheadh fad 160m d'fhásra ar bhruach na habhann mar gheall ar thuilte. Mar thoradh air sin ní raibh na crainn seasta ná daingean agus bhí turnamh ann agus soladaigh ar fuaidreamh san abhainn ag Eastát Beltrim sa Ghoirtín i gContae Thír Eoghain. D'athneartaigh Gníomhaireacht na Lochanna an bruach trí chuaillí adhmaid learóige a bhrú go hingearach isteach in imeall na habhann agus sraitheanna de chuaillí a fheistiú go cothrománach d'fhonn bonn bhruach na habhann a chosaint. Cuireadh bruscán isteach taobh thiar de na cuaillí le siolta agus smionagar a cheapadh agus leis an bhruach a nádúrú. Cuireadh crainn dhúchasacha leathanduilleacha taobh thiar den sraodbhalla, lenár áiríodh coll, dair, fearnóg agus saileach.

An Chamabhainn

Bhí sciorradh bruaigh sa chuid sin den abhainn a dtugtar cuid Bertie Anderson air mar gheall ar rochtain a bheith ag an phobal agus ag beostoc araon uirthi. Mar thoradh ar an turnamh, chuaigh siolta isteach san abhainn: bhí tionchar aige sin ar chlaiseanna sceathraí síos an abhainn agus d'éirigh an sruth níos cúinge.

Rinneadh oibreacha boginnealtóireachta:

cuireadh fad 60m de bhuilcíní fréimhe isteach le cuidiú le cobhsú an bhruaigh. Cuideoidh na builcíní, a fuarthas sa cheantar áitiúil, le ceapadh agus laghdú siolta san abhainn, rud a chuirfidh le hathfhás ar an bhruach. Brúdh fad 40m de chuaillí adhmaid learóige go hingearach isteach in imeall na habhann fosta agus cuireadh síos cuaillí go cothrománach le bonn bhruach na habhann a chosaint. Cuireadh bruscán ar an taobh thiar le siolta agus smionagar a cheapadh.

An Fhinn

Gach geimhreadh déanann Oifigigh lascach Ghníomhaireacht na Lochanna suirbhéireacht ar an Fhinn le claiseanna bradán a aimsiú. Le blianta beaga anuas tá sé tugtha faoi deara acu go bhfuil laghdú tagtha orthu i roinnt láithreacha éagsúla. Aithníodh trí shuirbhéireacht ar ghnáthóga fosta go raibh toilleadh mór gairbhéil i ndiaidh bogadh in áiteanna éagsúla feadh na habhann. I gceantair áirithe, bhí an gairbhéal bogtha síos an abhainn, rud a d'fhág nach raibh gnáthóg sceathraí ann níos mó.

Cuireadh gairbhéal glan oighearshrutha isteach in dhá stráice den abhainn in aice le Droichead Annick. Tá siad seo gar do linnte coinneála, áit a luíonn bradáin fhásta fhillte sula sceitheann siad cinn óga. Athdháileadh gairbhéal a bhí i ndiaidh carnadh suas mar gheall ar uiscí tuile gar do Dhroichead Eidhneáin agus cruthaíodh dhá chlais sceathraí nua.

Forbairt na Slatiascaireachta

Tá forbairt na slatiascaireachta áineasa mar sprioc i gcónaí ag an Ghníomhaireacht. Chuir an Ghníomhaireacht tús le hathbhreithniú ar na huiscí ceada atá faoina smacht in 2021. Díreoidh an t-athbhreithniú seo ar cháilíocht an eispéireas slatiascaireachta ar an Fheabhal, ar an Fhinn agus sna Greenbraes. Beidh moltaí a dhéanfar san áireamh sa Straitéis Forbartha Slatiascaireachta agus lascach.

Iascach Oisrí Dúchasacha Loch Feabhail a Bhainistiú

Measúnú ar Sceathrach Oisrí Dúchasacha Is idir Meitheamh agus Meán Fómhair 2021 a rinneadh measúnú ar sceathrach oisrí dúchasacha. Tógadh samplaí ar bhonn seachtainiúil le dearbhú a dhéanamh maidir le: aibiú gónad sa stoc oisrí; éagsúlú i líonmhaireacht iarbhaí débhlascach, agus

dálaí thart timpeall ar chúig bheirtreach oisrí. Bíonn rath na sceathraí ag brath ar threochtaí teocht uisce agus léirigh na treochtaí in 2021 go raibh an sceathrach i séasúr an tsamhraidh leordhóthanach. Bhí buaic i líon na larbhaí i lár an tsamhraidh, rud a d'fhéadfadh a bheith mar fhianaise gur tharla socrú mall san iascach. Ní raibh mórán fianaise i measúnú an fhómhair gur shocraigh agus gur cheangail débhlaoiscaigh óga leis an tsubstráit sna beirtreacha: bhí sé sin ag teacht leis na treochtaí a chonacthas le linn na measúnachta sceathraí. Déanfar aon fhianaise ar shocrú mall i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna, cosúil lena tharla in 2014, a fhiosrú sa mheasúnacht stoic in earrach 2022.

Measúnacht ar an Stoc Oisrí Dúchasacha

Rinneadh measúnachtaí ar stoic oisrí dúchasacha ó Mheitheamh–Iúil (iar–iascach) agus ó Lúnasa–Meán Fómhair (réamhiascach) 2021. Arís eile, bhí cóhort 2018 ann go tréan agus bhí na hoisrí seo, a bhí 3 bliana d'aois, i ndiaidh tosú ar dhul isteach san iascach agus méid 80mm iontu, cé go raibh mionlach beag acu go fóill níos lú ná an mheáchan a theastaíonn don mhargadh. Bhí na meastacháin bithmhaise níos airde ná riamh, 1,000 tonna i ngach suirbhé a rinneadh. An toradh a bheidh ar an mhéadú seo ar bithmhais ná iascach níos táirgiúla sna séasúir atá amach romhainn.

Níor tugadh faoi deara mortlaíocht ard as an ghnách i gceachtar den dá shuirbhé. Measadh gur 1,233 bithmhais iomlán an stoic in earrach 2021. Tuairiscíodh go raibh 1,665 tonna bithmhaise ann i bhfómhar 2021. Measadh go raibh 224 tonna san earrach agus 318 tonna san fhómhar níos mó ná 80mm, rud a chiallaíonn go mbeidh deiseanna suntasacha iascaireachta ann. Measadh go raibh 587 tonna d'oisrí san earrach agus 775 tonna san fhómhar níos mó ná 70mm, rud a léiríonn go bhféadfadh iascach 2022/23 a bheith láidir. Bhí líon na slipéar mara agus an líon oisrí fiáine Aigéin Chiúin íseal i gcónaí agus ní méid suntasach acu a bhí ann ar chor ar bith

Bliain	Suirbhé	Bithmhais iomlán	Bithmhais (réamh–mheasta) Arbh Fhéidir lascaireacht a Dhéanamh air Earrach >70mm	Bithmhais (réamh–mheasta) Arbh Fhéidir lascaireacht a Dhéanamh air Earrach >80mm
2017	Earrach	438	248	–
	Fómhar	684	–	315
2018	Earrach	509	372	–
	Fómhar	724	–	269
2019	Earrach	504	329	–
	Fómhar	479	–	116
2020	Earrach	378	66	–
	Fómhar	1,055	–	69
2021	Earrach	1,233	587	–
	Fómhar	1,665	–	318

An tIascach Oisrí Dúchasacha

Cuireadh le sceideal iascaireachta 2021/22 de réir an mhéadú ar bhithmhais stoic agus osclaíodh an t-iascach ar an 5 Deireadh Fómhair 2021. Bhí an t-iascach ar oscailt dhá lá sa tseachtain ar feadh 11 sheachtain. Díoladh 38 ceadúnas san iomlán do shéasúr 2021/22. Tá úsáid bainte as 30 ceann de na ceadúnais chláráithe go dtí seo, ach níl aon iascaireacht déanta ag ocht gcinn de na báid go dtí seo an séasúr seo. Ag deireadh 2021, bhí 104,066kg d'oisrí dúchasacha bainte as an Loch.

Séasúr	Líon na gCeadúnas a Díoladh	Líon na Laethanta Iascaireachta	Urghabháil Iomlán
2017/18	55	17	205
2018/19	79	14	119
2019/20	40	32	48
2020/21	39	38	42
2021/22	38	38	104*

* amhail i mí na Nollag 2021

Ar an 8 Samhain 2021, thuairiscigh díoltóirí go raibh mortlaíocht le fáil i measc na n-oisrí a gabhadh ard. Bailíodh samplaí agus cuireadh chuig Saotharlann Institiúid na Mara iad. Léirigh na torthaí go raibh méadú beag tagtha ar na leibhéil Bonamia. Roimhe sin, tuairiscíodh i ndiaidh do shampláil rialta a bheith déanta gur tuairim is 40% na leibhéil Bonamia; tá na leibhéil seo ag teacht le sampláil roimhe seo gan aon ardú. Léirigh an tsampláil bhreise ag deireadh na bliana go raibh leibhéil na mbaictéar ardaithe go 46%. Déanfar monatóireacht ar leibhéil na mbaictéar agus ar mhortlaíocht i rith 2022.

Tionscadal Feabhsaithe Gnáthóige Oisrí Dúchasacha

Bronnadh conradh i mí Mheán Fómhair 2021 le sliogábhar beirtrí a sheachadadh go Loch Feabhail lena úsáid i dtionscadal feabhsúcháin i dtaca le hoisrí dúchasacha i Loch Feabhail. Déanfar an sliogábhar seo a shíonchaitheamh ar láthair ar chladaí Loch Feabhail ar feadh 6 mhí agus ansin athleagfar é ar an ghrinneall in 2022 le líon na ngnáthóg fóirsteanach d'oisrí a mhéadú agus le socrú oisrí óga sna blianta atá amach romhainn a mhéadú. Tá laghad na sliog-ghnáthóg ardcháilíochta aitheanta le blianta fada mar shrian ar mhéadú táirgthe san iascach agus is é seo an chéad tionscadal mór a rachaidh i ngleic leis an fhadhb seo.

Cóiríocht Ghníomhaireacht na Lochanna

Lean an Ghníomhaireacht in 2021 le hinfheistiúocht in áiseanna oibríochta. Leanadh leis an obair thógála ar oifig nua réigiúnach ar an Ómaigh. Táthar ag súil go mbeidh an obair críochnaithe i Ráithe 1 in 2022 agus go nglacfaidh an Ghníomhaireacht seilbh uirthi i mí an Mhárta 2022.

Tugadh céim a haon de na hoibreacha forbartha i gCeanncheathrú Ghníomhaireacht na Lochanna chun críche in 2021.

D'aontaigh an Ghníomhaireacht léas fadtréimhseach (20 bliain) maidir le hoifig réigiúnach i gCairlinn i Ráithe 1 2022, agus cuireadh tús le hoibreacha athfhorbartha i Ráithe 4. Táthar ag tnúth go dtabharfar na hoibreacha athchóirithe chun críche i Ráithe 4 2022.

An tAistriú Cóir

In 2021 rinne an Ghníomhaireacht measúnacht ar fud an eagrais maidir le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide a chinnteoidh go bhfuilimid in ann plean a chur i bhfeidhm a dtiocfaidh bearta straitéiseacha, fiúntacha as. Forbrófar Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide ina iomláine in 2022. Lean an Ghníomhaireacht le linn na bliana le himeascadh na teicneolaíochta inár bpróisis ghnó: ach an méid sin a dhéanamh, beimid cinnte go mbeidh an t-eolas cuí againn lenár sócmhainní a chothabháil trí theicneolaíochtaí digiteacha a úsáid, rud a laghdóidh ár lorg carbóin

Rialú agus Cuntasacht

Rinne an Gníomhaireacht monatóireacht ar a caiteachas le hais na mbuiséad faofa agus thug sí tuairiscí do na Ranna Coimircíochta ar bhonn rialta. Trí chruinnithe rialta Rialaithe agus Cuntasachta leis na Ranna Coimircíochta agus teagmháil ó lá go lá, rinneadh monatóireacht ar chomhlíonadh leanúnach an Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit agus an Chomhaontaithe Maoirsithe (RCAC) agus an Lámhleabhair Choimircíochta (RTCGT).

Iniúcháireacht Inmheánach

Is cuid thábhachtach de Rialú Corparáideach foriomlán na Gníomhaireachta í Iniúcháireacht Inmheánach. Leis an Iniúcháireacht Inmheánach, déantar córais, na gnáthaimh a bhaineann leo agus rialuithe a thástáil agus déantar tuairiscí faoina éifeachtaí atá siad. Fuair an Gníomhaireacht rátáil 'sásúil' in 2021.

Oideachas agus For-Rochtain Chomhshaoil

Chuir paidéim COVID-19 isteach go mór ar ár gclár oideachais agus for-rochtana. Cuireadh bac ar ár ngníomhaíochtaí uile oideachais agus teagmhála, a bhí nuálach agus idirghníomhach go mór, go dtí an chuid dheireanach den bhliain.

Ambasadóirí Bradán

Seachadadh an Clár Ambasadóirí Bradán d'ocht scoil ar fud dhobharcheantair an Fheabhail agus Chairlinn in 2021. Mar gheall ar shrianta COVID-19, seachadadh an Clár Ambasadóirí Bradán ar líne trí cheachtanna réamhthaifeadta ar Google Classroom.

Cruthaíodh trí cheacht mhodúlacha ina raibh ábhar ar shaolré an bhradáin, aistriú, bagairtí agus caomhnú, agus rinneadh pacáiste gníomhaíochta mar fhorlíonadh dóibh. Bhunaigh Foireann na nAmbasadóirí Bradán córas beo gorlainne agus chuir siad físeáin faoin scéal is deireanaí chuig na scoileanna. Le cois na gceachtanna ar líne, léiríodh físeán 'Turas Fíorúil Allamuigh' inar taispeánadh gnáthóga bradán i gceantair an Fheabhail agus Chairlinn.

Rinneadh físeán fosta dar teideal "Stáisiún na mBradán" inar taispeánadh obair uile na bpáistí. Bhí Comhdháil Ghréasáin na nAmbasadóirí Bradán ar Zoom ar an 9 Meitheamh 2021 agus bhí Barra Best mar óstach air. Ghlac seacht as ocht gcinn de na scoileanna páirt sa chomhdháil agus rinne siad cuir i láthair faoin mhéid a bhí foghlamtha acu tríd an chlár.

Tionscadail Sheachtracha Comhpháirtíochta

Clár Comhpháirtíochta Thírdhreach Bhinn Fhoibhne agus Ísealchríocha le Cósta (Bliain 1) Cuireadh tús in 2021 le Clár Comhpháirtíochta Thírdhreach Bhinn Fhoibhne agus Ísealchríocha le Cósta, atá maoinithe ag Ciste Oidhreachta an Chrannchuir Náisiúnta agus a bhfuil an Gníomhaireacht agus réimse comhpháirtithe eile ag cur leis. Déanfar an tionscadal a sheachadadh thar thréimhse cúig bliana agus beidh 13 tionscadal ar leith ann. Tá comhairle eolaíochta agus feabhsúcháin ó Gníomhaireacht na Lochanna an-tábhachtach i seachadadh rathúil cuid de na tionscadail sin agus comhlánóidh na tionscadail iarrachtaí na Gníomhaireachta an ceantar áitiúil, cuid de dhobharcheantar Abhainn na Ró, a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú.

Rochtain ar Aibhneacha agus Áineas Trasnáisiúnta

Ó bhí 2019 ann tá Gníomhaireacht na Lochanna mar chomhpháirtí i gcomhthionscadal abhainnbhunaithe le Comhairle Chontae Dhún na nGall agus le roinnt Grúpaí Áitiúla Gnímh i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann. In 2021 tugadh sraith idirghabhálacha chun críche a d'fheabhsaigh rochtain ar na haibhneacha agus ar Loch Feabhail, rud a fhágann go bhfuil sé níos fusa ag cuairteoirí agus úsáideoirí áitiúla araon taitneamh a bhaint as gníomhaíochtaí faoin aer agus as an timpeallacht nádúrtha álainn.

Teagmháil Straitéiseach

Comhphlé Comhstádais Idirghníomhaireachta

Ghair Gníomhaireacht na Lochanna comhphlé comhstádais maidir le Loch Feabhail i mí Iúil 2021 agus tá imeacht eile beartaithe maidir le Cairlinn in 2022, i gcomhthéacs Threoir Straitéiseach 2020–2030 na Gníomhaireachta. An comhthéacs a bhí leis an chomhphlé seo ná ár gcoimítmint teagmháil straitéiseach a dhéanamh le réimse eagrais a bhíonn ag plé leis an chomhshaol, le cúrsaí Thuaidh/Theas agus le spásanna réigiúnacha, críochacha trasteorann, d'fhonn lánacmhainneacht a bhaint amach i dtaca le comhoibriú a rachaidh chun sochair do Loch Cairlinn, do Loch Feabhail agus do chórais, gnáthóga agus oidhreacht na gceantar sin.

Léiríodh mar chuid den chomhphlé tiomantas na Gníomhaireachta maidir le próifíl an eagrais a ardú i measc páirtithe leasmhara, d'fhonn réimse iomlán na hoibre a dhéanann an Gníomhaireacht a chur in iúl agus feachtas ar réimsí comhoibrithe féideartha a ardú.

Áiríodh le cuspóirí an imeachta:

- Treoir Straitéiseach Gníomhaireacht na Lochanna, comhthéacs agus samplaí de thionscnaimh reatha straitéiseacha na Gníomhaireachta;
- Tuiscint a fháil ar an chaidreamh atá ag páirtithe leasmhara le Loch Feabhail agus le Loch Cairlinn, ar an ról atá acu agus ar an dóigh ar féidir le cur chuige comhoibríoch cuidiú leis na heagrais a guspóirí a bhaint amach;
- Tuiscint a fháil ar thosaíochtaí páirtithe leasmhara;
- Réimsí ionchasacha a bhféadfaí iad a fhiosrú ar dhóigh níos sonraí, agus bealaí leis sin a dhéanamh, a aithint.

Athbhreithnithe Straitéiseacha

Athbhreithniú ar Reachtaíocht

Mar gheall ar roinnt athruithe sa timpeallacht ina mbímid ag feidhmiú, d'aithin an Gníomhaireacht an gá le hathruithe éagsúla reachtúla agus rialála i gceantair an Fheabhail agus Chairlinn, lena chinntiú go mbeidh an creat reachtaíochta ina bhfuilimid ag feidhmiú comhaimseartha agus fóirsteanach dár bhfeidhm sna blianta atá amach romhainn.

Leagadh amach san athbhreithniú na hathruithe atá de dhíth i reachtaíocht phríomha agus i reachtaíocht thánaisteach le clár forfheidhmithe na Gníomhaireachta a chur ar aghaidh go sásúil. Bhí na céad Achtanna um lascaigh an Fheabhail in 1952 dírithe ar dhá phríomhchuspóir: aimsiú agus ionchúiseamh póitseálaithe bradán agus bainistiú na n-iascach tráchtála bradán. Le himeacht ama, tá athrú tagtha ar ról na Gníomhaireachta: mar shampla, nuair a cuireadh na hiascaigh thráchtála bradán ar fionraí, díriodh ar an tsliogiascaireacht áineasa seachas ar bhainistiú bradán. Lena chois sin, tá freagrachtaí breise ag Gníomhaireacht na Lochanna maidir le sliogiascaigh agus rialú ábhar ar leaba aibhneacha. Aithníonn an Gníomhaireacht le tamall gearr fosta an luach atá le garbhiascaigh agus iascaigh eile.

Déanfar plé in 2022 d'fhonn na céad chéimeanna eile sa phróiseas le hathruithe reachtaíochta a éascú a aithint agus a chomhaontú.

Athbhreithniú ar Chumarsáid

I mí Eanáir 2021 choimisiúnaigh Gníomhaireacht na Lochanna athbhreithniú cumarsáide le measúnú a dhéanamh ar ár n-aschur teagmhála le blianta beaga anuas.

Ba phróiseas iomlán, doimhin é an t-athbhreithniú a raibh teagmháil le daoine ar

gach leibhéal de Ghníomhaireacht na Lochanna i gceist leis d'fhonn eolas a bhailiú faoi smaointe agus eispéiris i dtaca le cumarsáid inmheánach agus sheachtrach araon go dtí seo agus faoi réimsí a bhféadfaí iad a fheabhsú.

Bhí próiseas comhthreomhar ann fosta ina ndearna comhlacht seachtrach teagmháil leis na príomhpháirtithe leasmhara seachtracha a bhaineann le Gníomhaireacht na Lochanna d'fhonn tuiscint cheart a fháil ar na heispéiris a bhíonn acu agus iad i dteagmháil linn. Rinneadh taighde cuimsitheach deisce chomh maith faoinár n-aschur agus gníomhaíochtaí taifeadta sna meáin chumarsáide.

Tugadh an t-athbhreithniú cumarsáide chun críche i mí Aibreáin 2021 i ndiaidh tréimhse teagmhála forleithne a mhair cúig mhí. Cuireadh na tátail agus na moltaí uile i bhfeidhm láithreach i ndiaidh don Bhord iad a fhaomhadh.

Athbhreithniú ar Fhorbairt na Slatiascaireachta agus Iascach

In 2021 leanadh leis an teagmháil agus leis an chomhairliúchán le slatiascairí, clubanna slatiascaireachta agus eagrais rialaithe i ndobharcheantair an Fheabhail agus Chairlinn mar chuid den athbhreithniú seo. San áireamh sa phróiseas teagmhála bhí ceistneoir ar líne agus roinnt cruinnithe le clubanna agus cumainn agus cláraíodh réimse leathan tuairimí agus barúlacha as fud fad an phobal slatiascaireachta. Bailíodh cuid mhór eolais lena múnlófar treo forbartha na slatiascaireachta agus na n-iascach i gceantair an Fheabhail agus Chairlinn amach anseo. Forbraíodh Dréacht-Straitéis Slatiascaireachta agus Iascach bunaithe ar an aiseolas a fuair muid ó pháirtithe leasmhara agus ón fhoireann. Forbrófar Pleananna Forfheidhmithe in 2022 a éascóidh seachadadh éifeachtach na Straitéise.

Athbhreithniú ar Thurasóireacht Mhuirí

Tá forbairt turasóireachta muirí mar dhualgas reachtúil ar an Ghníomhaireacht agus leis an dualgas seo a chomhlíonadh, rinne muid athbhreithniú ar an fheidhm seo.

Críochnófar an t-athbhreithniú in 2022. Cuirfear na torthaí agus na moltaí faoi bhráid an Bhoird, agus forbrófar Straitéis Turasóireachta Muirí don Ghníomhaireacht atá soiléir, sainiúil, mar aon le Plean Gnímh gaolmhar sa dara leath de 2022.

Athbhreithniú Eolaíochta

Thosaigh Ceann Eolaíochta nuacheaptha na Gníomhaireachta sa ról ar an 1 Aibreán 2021. Tugadh athbhreithniú doimhin ar an fheidhm eolaíochta chun críche in 2021. Breithníodh san Athbhreithniú Eolaíochta an Fheidhm Eolaíochta reatha i nGníomhaireacht na Lochanna ó thaobh straitéise agus oibríochta de. Bhí an méid seo a leanas i gceist leis an Athbhreithniú Eolaíochta:

- Rinneadh athbhreithniú oibiachtúil ar Phlean Straitéiseach Eolaíochta 2016–2021;
- Rinneadh athbhreithniú ar na réimsí oibre reatha a bhíonn á seachadadh trí fheidhm na heolaíochta;
- Aithníodh bearnaí ionchasacha eolais / deiseanna i dtaca le hobair bhreise;
- Rinneadh athbhreithniú ar chumarsáid faoin eolas eolaíochta a ghineann an Ghníomhaireacht agus rinneadh moltaí le cumarsáid agus nascthaict na heolaíochta sa Ghníomhaireacht a fheabhsú mar bhunchloch na feidhme eolaíochta;
- Rinneadh athbhreithniú feidhmiúlachta trí cheistneoirí le cur chuige ón bhonn aníos agus ón bharr anuas araon;
- Rinneadh moltaí i dtaca le straitéis / plean / feidhm nua eolaíochta atá ag teacht leis an Treoir Straitéiseach.

Nuair a bheidh an tAthbhreithniú Eolaíochta curtha i gcrích, forbrófar Straitéis Eolaíochta agus Plean Feidhmithe Eolaíochta in 2022.

CLÁIR ATÁ MAOINITHE GO SEACHTRACH

CLÁIR ATÁ MAOINITHE GO SEACHTRACH

In 2021, lean an Gníomhaireacht le cláir maoinithe ag an AE: bhí sí mar Cheannpháirtí in SeaMonitor agus mar chomhpháirtí sna tionscadail CatchmentCARE agus SWELL.

SeaMonitor – €4.7m maoinithe ag an AE ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le cistiú meaitseála ó Ranna Rialtais Thuaidh agus Theas.

Is Tionscadal Taighde uathúil muirí é SeaMonitor, nach ndearnadh a leithéid riamh cheana san Eoraip, ina ndéantar staidéar ar na farraigí timpeall na hÉireann agus Iarthar Alban. Is é is aidhm leis an Tionscadal dul i ngleic le trí Tháscaire a bhaineann le hAschuir an Chláir, agus cuspóir INTERREG VA a fhíorú, mar atá iniúilacht trasteorann a fhorbairt i dtaca le monatóireacht agus bainistíocht ar cheantair agus speicis chosanta mhuirí.

Tá naonúr comhpháirtithe sa Tionscadal seo: tá comhpháirtithe maoinithe i dTuaisceart Éireann, i bPoblacht na hÉireann agus in Albain, agus tá comhpháirtithe neamh-mhaoinithe i gCeanada agus sna Stáit Aontaithe. Tá Gníomhaireacht na Lochanna mar Cheannpháirtí ar an Tionscadal agus tá tacaíocht aici ó ocht bpríomhinstitiúid taighde muirí a úsáideann teicneolaíocht nuálach rianaithe speiceas le tuiscint níos fearr a fháil ar ainmhithe agus plandaí muirí sna haigéin agus lena gcosaint. Is iad seo a leanas na Comhpháirtithe Tionscadail: Ollscoil na Ríona, Béal Feirste; Ollscoil Ghlaschú; Coláiste na hOllscoile, Corcaigh; Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe–Maigh Eo, Foras na Mara, an Institiúid Agraibhia agus Eolaíochtaí Bitheacha, an Lónra Rianaithe Aigéan, Ollscoil Dalhousie, Ceanada, agus Coláiste Ollscoile Davis, California.

In 2021 cuireadh atús le gníomhaíochtaí sa Tionscadal SeaMonitor de réir mar a bhí beartaithe: cuireadh in úsáid go rathúil príomheagar Shruth na Maoile agus eagair uile an chósta. D'éirigh leis an Gníomhaireacht bradáin a chlibeáil sa Ró agus san Fhochaine.

Lean an Grúpa Oibre um Plean Bainistíochta Muirí do Bhradáin san Fheabhal lena gcruinnithe le linn na bliana agus d'aontaigh siad creat agus struchtúr dréachta.

Críochnaíodh an dara bailiú sonraí ó eagair i mí Dheireadh Fómhair 2021. Cuireadh tús le clibeáil liamhán gréine agus sciataí, tugadh clibeáil róna chun críche, agus tá anailísiú agus samhaltú sonraí idir lámha.

CatchmentCARE – €13,792,432 maoinithe ag an AE ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le cistiú meaitseála ó Ranna Rialtais Thuaidh agus Theas.

Is Tionscadal maoinithe ag an AE é CatchmentCARE (Gníomhaíochtaí Pobail ar mhaithe le hÉiceachórais Athléimneacha) arb é is aidhm leis cáilíocht an úriscé in abhantracha trasteorann i dtrí dhobharcheantar trasteorann a fheabhsú. Bainfear aidhmeanna an tionscadail amach trí thrí thionscadal feabhasaithe cáilíocht an uisce a fhorbairt i ndobharcheantair na Finne, na hAibhne Móire agus an Arney, agus trí 50 poll tóraíochta a shuiteáil ar fud an réigiúin.

Is saibhir agus is ilghnéitheach na sainscileanna atá sna heagrais sin atá ag obair ar Thionscadal CatchmentCARE, mar atá údarais áitiúla – Comhairle Chontae Dhún na nGall (arb í an Ceannpháirtí í), Comhairle Chathair Ard Mhacha, Dhroichead na Banna agus Craigavon, atá ag obair le lucht acadúil ó Ollscoil Uladh – agus Gníomhaireacht na Lochanna, an Institiúid Agraibhia agus Eolaíochtaí Bitheacha, Suirbhéireacht Gheolaíochta na Breataine, Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus lascaigh Intíre na hÉireann.

Críochnaíodh oibreacha ar an Éalaiteach in 2021. San áireamh cuireadh fad tuairim is 3.4km d'fhálú isteach le crios maolánach bruachánach a chruthú. Rinneadh bearta ionsrutha chomh maith, lena áiríodh pionnáil ábhar adhmaid,

mataí armúr carraige, athghrádú gairbhéil, agus soláthar réitigh óil as líne, dreapaí agus aongheataí. Le linn cuairt ar an suíomh i ndeireadh 2021, aimsíodh limistéar den abhainn a raibh creimeadh suntasach ann agus aontaíodh bearta breise rialaithe creimthe a dhéanamh san áit sin le boginnealtóireacht. Déanfar na hoibreacha seo in 2022. Nochtaíodh trí shuirbhéireacht a rinne Oifigigh Iascach Gníomhaireacht na Lochanna ar chlaiseanna in Abhainn na hÉalaití go raibh méadú tagtha ar líon na gclaiseanna, le hais taifid stairiúla, rud a thugann le fios go maith go bhfuil ag éirí leis an tacar oibreacha dul i ngleic leis na fadhbanna sa láthair seo.

SWELL – €35m maoinithe ag an AE ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le cistiú meaitseála ó Ranna Rialtais Thuaidh agus Theas.

Is comhpháirtíocht trasteorann atá in SWELL (Feabhsú Comhuiscí agus Oidhreacht Lochanna) ina bhfuil Uisce Thuaisceart Éireann, Uisce Éireann, an Institiúid Agraibhia agus Eolaíochtaí Bitheacha, Gníomhaireacht na Lochanna agus Réigiún na Teorann Thoir páirteach, iad uile ag obair i gcomhar lena chéile le cáilíocht an uisce i gcomhuiscí Loch Cairlinn agus Loch Feabhail a fheabhsú.

Beidh an cleachtas is fearr, nuálacht agus malartú eolais mar bhunús le hobair na comhpháirtíochta d'fhonn aschuir agus torthaí Chlár INTERREG VA a bhaint amach go héifeachtúil. Trí scoth na hinnealtóireachta, fiosrú straitéiseach ar dhobharcheantair agus samhltú, is uasghráduithe inbhuanaithe ar shócmhainní dramhuisce ar dhá thaobh na teorann an toradh an bheidh le SWELL agus cuirfidh sé ar bhealach dearfach leis na hiarrachtaí 'Stádas Maith Éiceolaíochta' a bhaint amach de réir Chreat-treorach Uisce an AE.

In 2021 chuidigh Gníomhaireacht na Lochanna leis an Institiúid Agraibhia agus Eolaíochtaí Bitheacha suirbhéanna iar-oibreacha feabhsúcháin a dhéanamh ar shamhlacha dobharcheantair (muirí agus úruisce) i ndobharcheantair an Fheabhail agus Chairlinn. Cuireadh tús leis na suirbhéanna i mí Mheán Fómhair 2021 agus ceapadh iad le hathruithe a léiriú sna timpeallachtaí muirí agus úruisce mar thoradh ar oibreacha feabhsúcháin cóireála

dramhuisce a tógadh trí Thionscadal SWELL. Cuirfear torthaí ón suirbhé iar-oibreacha feabhsúcháin i gcomparáid le bonnlínte a bunaíodh sa suirbhé réamhoibreacha feabhsúcháin a rinneadh in 2019–2020.

Chuidigh Gníomhaireacht na Lochanna chomh maith leis an Institiúid Agraibhia agus Eolaíochtaí Bitheacha sonraí báistí agus sruthaithe a bhailiú le linn imeachtaí báistí foircní mar chuid den Suirbhé Frithghníomhach Báistí. Leis na sonraí sin, múnlófar an dóigh a n-oibríonn an tsamhail le linn tréimhsí báistí foircní. Is féidir an tsamhail a úsáid ansin lena réamhinsint cén dóigh a n-oibreoidh na pleananna cóireála dramhuisce agus sceitheadh dramhuisce nuair a bhíonn báisteach fhoircneach ann.



TUARASCÁIL LUACH SAOTHAIR



TUARASCÁIL LUACH SAOTHAIR

An Polasaí Luach Saothair

Pléann an Polasaí Luach Saothair le luach saothair ar bhonn uile-eagrais agus tá sé ar cheann de na príomhghnéithe den Straitéis Acmhainní Daonna – is dlúthchodanna den straitéis fhoriomlán ghnó iad an dá rud. Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Pholasaí Luach Saothair:

- a bheith mar thaca le straitéis Ghníomhaireacht na Lochanna trína bheith ag cur leis na hiarrachtaí gnó iomaíoch, nuálach a thógáil a mheallfaidh, a choinneoidh agus a spreagfaidh fostaithe;
- baint amach cuspóirí straitéiseacha a chur chun cinn de réir theorainn riosca na Gníomhaireachta;
- torthaí dearfacha a chur chun cinn / tacú lena mbaint amach sa chomhthéacs eacnamaíochta agus sóisialta ina n-oibríonn an Ghníomhaireacht; agus
- cultúr eiticiúil agus saoránacht chorpáraideach fhreagrach a chur chun cinn.

Fealsúnacht agus Príomhphrionsabail maidir le Luach Saothair

Fealsúnacht i dtaca le Luach Saothair

Is é fealsúnacht na Gníomhaireachta i dtaca le luach saothair, fostaithe a chreideann sa chultúr agus sna luachanna againn, agus a chaitheann a saol dá réir, a earcú agus a spreagadh, aitheantas a thabhairt dóibh agus iad a choinneáil. Déanaimid ár ndícheall an fhiontraíocht a chur chun cinn trí thimpeallacht oibre a chruthú a spreagann an fhoireann ionas gur féidir le gach fostaí cur le straitéis, fíis, spriocanna agus luachanna na Gníomhaireachta ar dhóigh dhearfach. De réir na fealsúnachta atá againn, déanaimid ár ndícheall pacáiste iomlán luach saothair ár bhfostaithe a shocrú ar leibhéal atá iomaíoch. Creidimid go bhfuil rath fadtéarmach na Gníomhaireachta ceangailte go díreach le cáilíocht na bhfostaithe a fhostaímid

agus leis an timpeallacht oibre a chruthaímid. Tá sé riachtanach, mar sin, go ndéanaimid iarracht mhór leas ár bhfostaithe a ailíniú le leas ár bpáirtithe leasmhara eile.

Príomhphrionsabail i dtaca le Luach Saothair

Tá Polasaí Luach Saothair na Gníomhaireachta bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

- Tá an Polasaí Luach Saothair ag teacht le straitéis ghnó fhoriomlán, cuspóirí agus luachanna na Gníomhaireachta, gan a bheith ag déanamh dochair do leas na bpáirtithe leasmhara.
- Tá an Polasaí Luach Saothair, gnáthaimh agus cleachtais ag teacht le bainistiú riosca éifeachtach agus tá siad mar thaca leis sin.
- Is ar bhonn luach saothair iomláin a fhaigheann fostaithe atá ar tuarastal a luach saothair; cuimsíonn sé sin an luach saothair seasta, athraitheach, gearrthéarmach agus fadtéarmach a bhaineann lena bpost.
- San áireamh sa chuid sheasta (ráthaithe) den luach saothair tá bonntuarastal atá ag teacht le rátaí Státseirbhís Thuaisceart Éireann.
- Féadfaidh sé go bhfuil liúntais eile a bhaineann leis an phost san áireamh sa luach saothair iomlán.

Réimsí den Pholasaí Luach Saothair

Raon

Baineann an Polasaí Luach Saothair le gach fostaí buan sa Ghníomhaireacht.

Struchtúr Luach Saothair

Tá na catagóirí/gnéithe seo a leanas mar chuid de struchtúr luach saothair na Gníomhaireachta (Stiúrthóirí san áireamh):

- pacáiste ráthaithe luach saothair (seasta agus ag teacht le gráid agus scálaí pá Státseirbhís Thuaisceart Éireann);
- luach saothair athraitheach (a bhaineann le Cigirí agus Oifigigh lascach amháin agus

a bhíonn ag brath ar líon na n-uaireanta neamhshóisialta a oibríonn siad);

- liúntas dóibh siúd ar glao-dhualgas (a bhaineann leo siúd a bhíonn ar glao-dhualgas maidir le heachtraí truaillithe comhshaoil agus freagairt ar iascaireacht mhídhleathach, le slándáil foirgneamh agus leis an bhonneagar TF – seasta agus ag teacht le liúntas glao-dhualgais Státseirbhís Thuaisceart Éireann).

Tá an luach saothair seasta ráthaithe agus íoctar é beag beann ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta; níl an luach saothair athraitheach ráthaithe agus tá sé ceangailte go díreach leis an fhostaí aonair líon áirithe uaireanta neamhshóisialta a chlárú taobh istigh de thréimhse shonraithe ama.

Luach Saothair na Foirne

Baill Foirne Bhuana

Ceaptar baill foirne de réir Pholasaí Earcaíochta agus Roghnaithe na Gníomhaireachta. Éilíonn an Polasaí seo go ndéantar ceapacháin bunaithe ar fhiúntas agus ar chomórtas cothrom, oscailte. Féadfaidh sé go mbeidh baill foirne in ann dul ar scor roimh aois an phinsean stáit gan aon laghdú theacht ar shochair phinsin a fuair siad níos luaithe, ag brath ar théarmaí a bpinsin. Tá eolas faoi thréimhsí fógra scoir le fáil i gconradh gach fostaí aonair.

Leibhéil Íosta Pá

Bíonn leibhéil íosta pá ag brath ar an ghrád ar a dtosaíonn duine agus bíonn siad ag teacht le scálaí pá Státseirbhís Thuaisceart Éireann (Tuaisceart Éireann) agus le scálaí pá lascaigh Intíre Éireann (Poblacht na hÉireann).

Dul Chun Cinn

Nuair a cheaptar ar dtús iad, cuirtear baill foirne de ghnáth ar an phointe is ísle ar an scála cuí don phost. Ina dhiaidh sin, téann siad suas an scála uair sa bhliain go hincriminteach go dtí go mbaintear an barrphointe amach. De ghnáth, is i mí Lúnasa a tharlaíonn sé seo i gcás baill foirne i dTuaisceart Éireann; i bPoblacht na hÉireann tarlaíonn sé cothrom an lae a ceapadh an fostaí.

Pá Feidhmíochta

Níl aon phá feidhmíochta ann don fhoireann ná aon scéim ghaolmhar ná a comhionann de scéim.

Baill Foirne Shealadacha

Is féidir leis an Gníomhaireacht baill foirne shealadacha a cheapadh ar dhá bhealach.

- Trí phróiseas earcaíochta oscailte: déantar an ceapachán de réir Pholasaí Earcaíochta agus Roghnaithe na Gníomhaireachta. Sa chás seo, bíonn leibhéil íosta pá ag brath ar an ghrád ar a dtosaíonn an duine agus bíonn siad ag teacht le scálaí pá Státseirbhís Thuaisceart Éireann (Tuaisceart Éireann) agus le scálaí pá lascaigh Intíre Éireann (Poblacht na hÉireann).
- Trí ghníomhaireacht earcaíochta. Mar chomhlacht poiblí tá ceanglas ar an Gníomhaireacht seirbhísí a fháil ó Gníomhaireacht atá sannta sa Phrótacal Úsáideoirí um Oibrithe Gníomhaireachta, ag brath ar an ról. Beidh sé de dhualgas ar an ghníomhaireacht earcaíochta an folúntas a fhógairt, iarrthóirí fóirsteanacha a aimsiú, CVanna a scagadh, bualadh le hiarrthóirí lena fháil amach an bhfuil siad fóirsteanach don ról, agus CVanna na n-iarrthóirí is fóirsteanáí a thabhairt do Gníomhaireacht na Lochanna. Is í an ghníomhaireacht earcaíochta a fhostaíonn oibrithe a aimsítear ar an dóigh seo, mar sin is idir an dá pháirtí sin atá an conradh.

Is fearr comórtas oscailte earcaíochta mar rogha, ach roghnófaí bealach na gníomhaireachta earcaíochta i gcás práinneach.

Pacáiste Iomlán Luach Saothair

Tá rochtain ag gach ball foirne ar an Scéim Pinsin Thuaidh/Theas. Bíonn uaireanta éagsúla i gceist leis na conarthaí a bhaineann le poist POFanna (nó a gcomhionann), le poist Stiúrtóirí agus le poist bhuana foirne. Bíonn líon na n-uaireanta sa chonradh ag brath ar nádúr na hoibre a dhéanann an fostaí agus ar aon socruithe sainiúla a dhéantar le gur féidir leis an duine aonair cothromaíocht idir an obair agus an gnáthshaol a bhaint amach. Tá rochtain ag gach ball foirne ar Shaoire Mháithreachais, Saoire Atharthachta agus Saoire Uchtála. Tá fleisc-am ar fáil, ach déantar gach cás aonair a mheas le hais riachtanais ghnó agus is faoi rogha na Gníomhaireachta atá é a cheadú nó gan é a cheadú.

Nuair a cheaptar iad, beidh gach ball foirne i dteideal 25 lá saoire móide an 12 lá saoire reachtúla agus poiblí atá aitheanta ag an earnáil. Is ar bhonn pro rata a shocraítear saoire na mball foirne sealadach de réir mar is cuí.

Conarthaí Seirbhíse

Is ar bhonn fiúntais agus ar bhonn comórtas cothrom, oscailte a dhéantar ceapacháin i nGníomhaireacht na Lochanna. Mura bhfuil a mhalairt ráite, is ar bhonn neamhiata a cheaptar na hoifigigh atá clúdaithe ag an tuairisc seo. I gcás luathfhoircinn, seachas i gcás mí-iompraíochta, bheadh an fostaí i dteideal cúiteamh airgid.

Teidlíochtaí Tuarastail agus Pinsin

Tá sonraí le fáil thíos faoi luach saothair agus sochair phinsin na mbainisteoirí is sinsearaí sa Gníomhaireacht.

Luach saothair na Foirne Bainistíochta Sinsearaí, tuarastal agus teidlíochtaí pinsin san áireamh.

Bainisteoirí Sinsearacha / Stiúrthóirí	2021	Sochair chomh-chineáil	2020	Sochair chomh-chineáil
	Comhlán		Comhlán	
	£		£	
Oifigeach Ainmnithe	68,728	-	65,505	-
Stiúrthóir Forbartha	56,142	-	55,034	-
Stiúrthóir Caomhnóireachta agus Cosanta	56,888	-	55,764	-
Stiúrthóir Dobharshaothraithe agus Sliogiascach	66,351	-	66,692	-
Stiúrthóir Eatramhach Seirbhísí Corparáideacha	57,412	-	54,572	-
Ceann na hEolaíochta a ceapadh ar an 1 Aibreán 2021	40,133	-	-	-
	345,654	-	297,567	-

	2021	2020
	£	£
Tuarastal an Stiúrthóra Is Airde Pá amhail 31 Nol*	67,403	68,786
Athrú % ar thuarastal an Stiúrthóra Is Airde Pá**	(2%)	7.8%
Meánlíne an Luacha Saothair Iomláin (an fhoireann uile)	29,307	28,730
Cóimheas Meánphointe an Stiúrthóra Is Airde Pá leis an Tuarastal Meánlíne	2.2	2.4
Cóimheas Meánphointe an Stiúrthóra Is Airde Pá le Tuarastal na 25ú Peircintíle	2.4	2.4
Cóimheas Meánphointe an Stiúrthóra Is Airde Pá le Tuarastal na 75ú Peircintíle	1.7	1.9
Meántuarastal (an fhoireann uile)	33,039	32,180
Athrú % sa mheántuarastal le hais na bliana roimhe sin (an fhoireann uile)	2.7%	0.8%

(Ráta steirling le euro ar an 31 Nollaig 2021: 1.19008 / 2020: 1.11231, meánráta 2021: 1.16333 / 2020: 1.12397).

*Áirítear i dtuarastail chomhlána na Stiúrthóirí an pá iomlán a fuair siad idir an 1 Eanáir 2021 agus an 31 Nollaig 2021, agus tá ráta an Stiúrthóra ab airde pá bunaithe ar an tuarastal ab airde a íocadh le haon Stiúrthóir ar leith ar

an dáta cuntasaíochta, an 31 Nollaig 2021 – ní hionann an dá rud mar gheall ar íocaíochtaí agus incrimintí bliantúla a íocadh sa bhliain.

**Bíonn tionchar ag an ráta druidte ó bhliain go bliain ar an athrú %. Is cruinne an incrimint ar an tuarastal a íocadh sa bhonn-airgeadra, euro sa chás seo.

Bainisteoirí Sinsearacha / Stiúrthóirí	2021		2020	
	Comhlán	Sochair chomh-chineáil	Comhlán	Sochair chomh-chineáil
	€	€	€	€
Oifigeach Ainmnithe	79,953	-	73,626	-
Stiúrthóir Forbartha	65,312	-	61,857	-
Stiúrthóir Caomhnóireachta agus Cosanta	66,180	-	62,677	-
Stiúrthóir Dobharshaothraithe agus Sliogiascach	77,188	-	74,960	-
Stiúrthóir Eatramhach Seirbhísí Corparáideacha	66,789	-	61,337	-
Ceann na hEolaíochta a ceapadh ar an 1 Aibreán 2021	46,688	-	-	-
	402,110	-	334,457	-

	2021	2020
	€	€
Tuarastal an Stiúrthóra Is Airde Pá amhail 31 Nol*	80,215	76,511
Athrú % ar thuarastal an Stiúrthóra Is Airde Pá**	1.3%	2%
Meánlíne an Luacha Saothair Iomláin (an fhoireann uile)	34,094	32,292
Cóimheas Meánphointe an Stiúrthóra Is Airde Pá le Tuarastal Meánlíne	2.2	2.4
Cóimheas Meánphointe an Stiúrthóra Is Airde Pá le Tuarastal na 25ú Peircintíle	2.4	2.4
Cóimheas Meánphointe an Stiúrthóra Is Airde Pá le Tuarastal na 75ú Peircintíle	1.7	1.9
Meántuarastal (an fhoireann uile)***	38,435	36,169

*Áirítear i dtuarastail chomhlána na Stiúrthóirí an pá iomlán a fuair siad idir an 1 Eanáir 2021 agus an 31 Nollaig 2021, agus tá ráta an Stiúrthóra ab airde pá bunaithe ar an tuarastal ab airde a íocadh le haon Stiúrthóir ar leith ar an dáta cuntasáíochta, an 31 Nollaig 2021 – ní hionann an dá rud mar gheall ar íocaíochtaí agus incrimintí bliantúla a íocadh sa bhliain.

**Bíonn tionchar ag an ráta druidte ó bhliain go bliain ar an athrú %. Is cruinne an incrimint ar an tuarastal a íocadh sa bhonn-airgeadra, euro sa chás seo.

***Is ionann an meántuarastal in euro agus an meántuarastal steirling aistrithe de réir an mheánráta don bhliain.

Tuarastal

Áirítear sa tuarastal, tuarastal comhlán móide liúntas 'ar glao-dhualgas' do bheirt de na Stiúrthóirí. Níl aon luach saothair eile iníoctha le Stiúrthóirí.

Bónais

Ní íocann an Ghníomhaireacht bónais le haon Bhainisteoir Sinsearach ná le haon bhall foirne.

Sochair Chomhchineáil

Clúdaíonn luach airgeadaíoch na sochar comhchineáil, aon sochar curtha ar fáil ag an fhostóir a gcaitheann HM Revenue and Customs leis mar luach saothair inchánach. Ní bhfuair aon bhall den Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí sochar comhchineáil in 2021 ná in 2020.

Pá Cothrom (Eolas Iniúchta)

Tá ceangal ar chomhlachtaí tuairiscithe an ghaolmhaireacht idir luach saothair an Stiúrthóra is airde pá san eagrais agus luach saothair meánlíne lucht oibre an eagrais a nochtadh.

Ba é £61,742 go £67,403 / €73,478 go €80,215 (2020: £59,932 go £73,069 / €66,663 go €81,275) luach saothair bandáilte an Stiúrthóra ab airde pá sa Ghníomhaireacht sa bhliain airgeadais 2021. 2.2 an cóimheas in 2021 (2.4 in 2020). Ba é 2021 £29,307 / €34,094 (2020 £28,730 / €32,292) luach saothair meánlíne an lucht oibre.

Ní bhfuair aon fhostaí luach saothair a bhí níos airde ná luach saothair an Stiúrthóra ab airde pá i gceachtar den dá bhliain.

Ba é £19,815 go £67,403 / €23,581 go €80,215 (2020 £19,425 go £68,786 / €21,607 go €76,511) an raon luach saothair.

Áirítear le luach saothair iomlán tuarastal comhlán. Tá na háirimh seo bunaithe ar Threoir do Chomhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas 2017 agus áirítear iad bunaithe ar luach saothair bliantúlaithe cóibhéise lánaimseartha gach ball foirne amhail an dáta tuairiscithe.



Bainisteoir Sinsearach	Pinsean fabhráithe ag aois an phinsin amhail 31/12/2021 agus an chnapshuim ghaolmhar			Fíormhéadú ar an phinsean agus ar an chnapshuim ghaolmhar ag aois an phinsin			LACAT 31/12/20	LACAT 31/12/2021	Fíormhéadú LACAT	Luach na sochar pinsin fabhráithe 20	Luach na sochar pinsin fabhráithe 2021
	Pinsean	Cnapshuim	Pinsean	Cnapshuim	Pinsean	Cnapshuim	LACAT 31/12/20	LACAT 31/12/2021	Fíormhéadú LACAT	Luach na sochar pinsin fabhráithe 20	Luach na sochar pinsin fabhráithe 2021
Oifigeach Ainmnithe **	£20,000	£38,000	£2,000	£2,000	£2,000	£2,000	£338,000	£382,000	£44,000	£42,000	£42,000
Stiúrthóir Forbartha **	£14,000	£16,000	£2,000	£2,000	£0	£0	£170,000	£191,000	£21,000	£21,000	£40,000
Stiúrthóir Caomhnóireachta agus Cosanta *	£24,000	£72,000	£1,000	£4,000	£1,000	£4,000	£529,000	£542,000	£13,000	£23,000	£24,000
Stiúrthóir Dobharshaothraithe agus Sliogiascach **	£25,000	£46,000	£5,000	£10,000	£5,000	£10,000	£301,000	£393,000	£92,000	£65,000	£110,000
Stiúrthóir Eatramhach Seirbhísí Corparáideacha**	£9,000	£4,000	£1,000	£0	£1,000	£0	£80,000	£96,000	£16,000	£40,000	£20,000
Ceann na hEolaíochta**	£8,000	£6,000	£1,000	£0	£1,000	£0	£66,000	£76,000	£10,000	£21,000	£20,000

Is é achtuire neamhspleách na Scéime Pinsin Thuaidh/Theas, Deloitte Total Reward and Benefits Limited, a chuir an greille thuas ar fáil.

Níl Luachanna Aistrithe Cóibhéis Airgid Thirim (“LACATanna”) ráthaithe agus is ar chúiseanna léirithe amháin atá siad á dtaispeáint anseo.

Ríomhadh LACATanna bunaithe ar mheastacháin i dtaca le sochair réamh-mheasta pinsin amhail 31 Nollaig 2020 agus 31 Nollaig 2021.

Maidir le baill atá thar an Ghnáthaois Scoir, níl aon fhachtóirí LACAT foilsithe ar fáil. Ina leithéid de chás, ríomhadh fachtóir measta trí eachtarshuí.

Maidir le sochair Alpha, tá na figiúirí i dtaca le pinsean fabhraithe bunaithe ar an bhonn tuisceana go bhfuil an tuarastal atá curtha ar fáil ag an Chomhlacht comhionann le Tuilleamh Iarbhír Inphinsin sa tréimhse bhliana suas go 31 Márta 2021.

*Sochair thuarastal deiridh amháin

**Sochair thuarastal deiridh agus sochair alpha



Bainisteoir Sinsearach	Pinsean fabhraithe ag aois an phinsin amhail 31/12/2021 agus an chnapshuim ghaolmhar		Fíormhéadú ar an phinsean agus ar an chnapshuim ghaolmhar ag aois an phinsin		LACAT 31/12/20	LACAT 31/12/21	Fíormhéadú LACAT	Luach na sochar pinsin fabhraithe 2020	Luach na sochar pinsin fabhraithe 2021
	Pinsean	Cnapshuim	Pinsean	Cnapshuim					
Oifigeach Ainmnithe	€23,802	€45,223	€2,380	€2,380	€402,247	€454,611	€52,364	€49,983	€49,983
Stiúrthóir Forbartha	€16,661	€19,041	€2,380	€0	€202,314	€227,305	€24,991	€44,492	€47,603
Stiúrthóir Caomhnóireachta agus Cosanta	€28,562	€85,686	€1,190	€4,760	€629,552	€645,023	€15,471	€27,372	€28,562
Stiúrthóir Dobharshaothraithe agus Sliogiascach	€29,752	€54,744	€5,950	€11,901	€358,214	€467,701	€109,487	€77,355	€130,909
Stiúrthóir Eatramhach Seirbhísí Corparáideacha	€10,711	€4,760	€1,190	€0	€95,206	€114,248	€19,042	€47,603	€23,802
Ceann na hEolaíochta	€9,521	€7,140	€1,190	€0	€78,545	€90,446	€11,901	€24,992	€23,802

Pinsean fabhraithe ag aois an phinsin amhail an 31 Nollaig 2021 agus an chnapshuim ghaolmhar

Is ionann an pinsean fabhraithe ag aois an phinsin amhail 31 Nollaig 2021 agus an chnapshuim ghaolmhar, agus luach an phinsin bhliantúil agus na cnapshuime atá ag dul don duine ar dhul ar scor dóibh, bunaithe ar a seirbhís suas go dtí an dáta sin.

Fíormhéadú ar an phinsean agus ar an chnapshuim ghaolmhar ag aois an phinsin

Is ionann an fíormhéadú ar an phinsean agus ar an chnapshuim, agus an méadú os cionn boilscithe, tomhaiste de réir an Phraghasinnéacs Tomhaltóirí. Maidir le 2020/21, rinneadh coigeartú +1.7% (19/20, +2.4%) i dtaca le baill sa Tuaisceart, agus cuireadh coigeartú +0.9% (19/20 +0.9%) i bhfeidhm maidir le baill sa Deisceart.

Luachanna Aistrithe Cóibhéis Airgid Thirim

Is ionann Luach Aistrithe Cóibhéis Airgid Thirim (LACAT) agus an luach caipitlithe measúnaithe go hachtúireach atá ar shochair ón scéim pinsin atá fabhraithe ag ball ag am ar leith. Is iad na sochair a ndéantar iad a luacháil sochair fhabhraithe na mball agus aon phinsean teagmhasach céile ba iníoctha tríd an scéim. Is é is LACAT ann íocaíocht a dhéantar trí scéim nó socrú pinsin d'fhonn sochair phinsin a fháil trí scéim nó socrú pinsin eile nuair a fhágann ball scéim ar leith agus roghnaíonn siad na sochair a d'fhabhraigh siad tríd an iarscém a aistriú. Baineann na figiúirí pinsin atá thuasluaite leis na sochair atá fabhraithe ag an duine aonair mar thoradh ar iomlán a bhallraíochta sa scéim pinsin, agus ní hamháin lena sheirbhís i bpost sinsearach ar gá nochtheadh a dhéanamh ina leith. Áirítear sna figiúirí LACAT an luach atá ar aon phinsean i scéim nó socrú eile atá an duine aonair i ndiaidh a aistriú go socruithe pinsin na Gníomhaireachta. Áirítear iontu fosta aon sochair bhreise pinsin atá fabhraithe i dtaca leis an bhall mar thoradh ar iad blianta breise seirbhíse pinsin a cheannach as a bpóca féin. Ríomhtar LACATanna de réir na Rialachán um Scéimeanna Pinsin Oibre (Luachanna Aistrithe) (Leasú), 2008, agus ní ghlactar san áireamh aon sochair iarbhír ná féideartha as Cáin Liúntas Saoil ba dhlite nuair a ghlacfaí sochair phinsin.

Fíormhéadú ar LACAT

Léiríonn sé seo an t-ardú ar LACAT atá cistithe, le fírinne, ag an fhóistoir. Ní áirítear ann an méadú ar phinsean fabhraithe mar gheall ar bhoilsciú ná ranníocaíochtaí íoctha ag an fhóstaí (luach na sochar aistrithe ó aon scéim pinsin nó socrú eile san áireamh) agus baintear úsáid as fachtóirí luachála an chómhargaidh do thús agus deireadh na tréimhse.

Luach na sochar pinsin a fabhraíodh

Déantar luach na sochar pinsin a fabhraíodh le linn na bliana a ríomh mar an fíormhéadú ar an phinsean iolraithe ar 20, móide an fíormhéadú ar aon chnapshuim a bheadh i gceist, lúide ranníocaíocht a bheadh déanta ag an duine aonair. Fágtar as an áireamh sna fíormhéaduithe méaduithe mar gheall ar bhoilsciú agus aon mhéadú nó laghdú mar thoradh ar aistriú cearta pinsin.

Socruithe Pinsin

Is baill den Scéim Pinsin Thuaidh/Theas iad fostaithe de chuid Gníomhaireacht na Lochanna. Is iad na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas agus Turasóireacht Éireann Teoranta a bhunaigh an Scéim Pinsin Thuaidh/Theas le héifeacht ón 29 Aibreán 2005 ar aghaidh. Is scéim pinsin le sochar sainithe í a bhíonn á cistiú go bliantúil ar bhonn íoc mar a thuillir as airgead a fhaightear ó Stáitchistí na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann. Cuireann an Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe sa Tuaisceart agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide sa Deisceart maoiniú ar fáil don Gníomhaireacht. Bíonn an scéim á riar ag riarthóir seachtrach.

Tá an Scéim Pinsin Thuaidh/Theas comhdhéanta de roinnt rannóg a mbaineann struchtúir éagsúla sochar leo.

Is socrú pinsin tuarastal deiridh í Core Final Salary a bhfuil sochair i gceist leis atá bunaithe ar an rannóg Classic i Scéim Pinsin Principal na Státseirbhíse i dTuaisceart Éireann. Soláthraítear pinsean tríd an scéim (ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse), chomh maith le haisce nó cnapshuim (3 ochtóid in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsean céile agus pinsean leanaí. Is é 60ú breithlá an bhaill an Ghnáthaois Scoir. Bíonn pinsin atá á n-íoc (agus iad siúd atá iarchurtha)

ag méadú de réir bhoilsciú praghasanna ginearálta.

Is socrú nó scéim pinsin í an rannóg Core Alpha atá bunaithe ar Mheántuilleamh Gairmréime Athluacháilte (CARE) le sochair atá bunaithe ar Rannóg Alpha Scéim Pinsin Principal na Státseirbhíse i dTuaisceart Éireann. Soláthraítear pinsean tríd an Scéim, chomh maith le pinsean céile agus pinsean leanaí, bunaithe ar chéatadán (2.32%) den phá inphinsin i dtaca le gach bliain de bhallraíocht ghníomhach (méadaítear an pinsean ag tús gach bliana den scéim de réir bhoilsciú praghasanna ginearálta). Is ionann an Ghnáthaois Phinsin agus aois an phinsin stáit sa dlínse cuí. Is é 66 bliain aois an phinsin stáit faoi láthair sa Ríocht Aontaithe. Tá arduithe eile beartaithe ag Rialtas na Ríochta Aontaithe lena gcuirfear aois an phinsin stáit suas ó 66 bliain go 67 bliain idir 2026 agus 2028 agus ó 67 go 68 idir 2044 agus 2046.

I bPoblacht na hÉireann, is é 66 bliain aois an phinsin stáit faoi láthair. Bhí ardú go 67 bliain in 2021 agus ansin go 68 bliain in 2028 beartaithe,

ach aisghaireadh an soláthar reachtaíochta a d'fhoráil do na harduithe sin. Siocair go bhfuil an ghnáthaois phinsin faoi choinne sochair Alpha (CARE) nasctha le hAois Phinsin an Stáit Ó Dheas, tá tionchar ag an athrú seo ar cá huair a bheidh baill alpha ó dheas i dteideal sochair Scéime a fháil.

Bíonn pinsin atá á n-íoc (agus atá curtha siar) ag méadú de réir bhoilsciú praghasanna ginearálta.

Bíonn sochair ag formhór na mball den rannóg Core sna rannóga Final Salary agus Alpha araon, agus maidir le hiontrálaithe nua a tháinig isteach sa scéim i ndiaidh an 1 Aibreán 2015, téann an chuid is mó acu isteach sa rannóg Core Alpha.

Is achtúire cáilithe neamhspleách (Deloitte) a rinne an luacháil atá in úsáid i dtaca le nochtuithe FRS 102 amhail 31 Nollaig 2021. Ullmhaíodh na torthaí i mbliana trí luacháil iomlán a dhéanamh ar dhliteanais na Scéime, dálaí margaidh agus sonraí scéime amhail 31 Nollaig 2021 san áireamh.

Luach saothair na gComhaltaí Boird, costais slándála sóisialta san áireamh (Eolas Iniúchta)

Comhalta Boird	2021 £	2020 £	2021 €	2020 €
Laurence Arbuckle	8,736	350	10,163	393
Andrew Duncan	8,621	9,427	10,029	10,595
Michael McCormick	6,748	7,381	7,850	8,296
Phil Mahon	5,248	5,556	6,105	6,245
Terry McWilliams	1,419	5,476	1,651	6,156
Allan Ewart	1,389	5,556	1,616	6,245
Ian McCrea	1,389	5,556	1,616	6,245
Alastair Patterson	1,389	5,556	1,616	6,245
Fiona Walsh	7,111	7,381	8,272	8,296
Patrick Gibbons	6,748	7,381	7,850	8,296
Heather Mackey	7,313	7,381	8,507	8,296
Danny Kennedy	2,413	-	2,807	-
Conor Corr	267	-	311	-
Jack Keyes	335	-	390	-
Niall Greene	335	-	390	-
An tOllamh Frances Lucy*	-	-	-	-
Dr Declan Little*	-	-	-	-
	59,461	67,001	69,173	75,308

Ní tuarastail inphinsin iad tuarastail na gComhaltaí Boird.

*Baineann "an Prionsabal Tuarastal Amháin do Dhuine Amháin" le státseirbhísigh lena mbaineann téarmaí Litir chuig Pearsanra E109/247/74 den 17 Deireadh Fómhair a d'eisigh Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Rialtas na hÉireann. Ciallaíonn sé nach bhfaigheann na daoine sin táille as a mballraíocht ar Bhoird.

Bandaí Tuarastail do na Fostaithe Uile

Líon na bhfostaithe (coibhéis lánaimseartha) a raibh a luach saothair don dhá mhí dhéag dar críoch 31 Nollaig 2021 sna bandaí seo a leanas:

Bandaí Tuarastail (£)	2021	2010
	Líon fostaithe	Líon fostaithe
Níos lú ná 20,000	1	1
20,000 – 29,999	24	25
30,000 – 39,999	15	17
40,000 – 49,999	2	1
50,000 – 59,999	4	3
60,000 – 69,999	2	2
	48	49

AGUISÍN 1 – TÁIRGEACHT LE hAIS SPRIOCANNA

TOSAÍOCHTAÍ, CUSPÓIRÍ AGUS SPRIOCANNA IN 2021

AGUISÍN 1 – TÁIRGEACHT LE hAIS SPRIOCANNA

TOSAÍOCHTAÍ, CUSPÓIRÍ AGUS SPRIOCANNA IN 2021

Tosaíocht Straitéiseach 1

A chinntiú go gcuirtear na tosaíochtaí agus luachanna atá i bPlean Straitéiseach Ghníomhaireacht na Lochanna chun cinn mar chuid de ghnáthchúrsa gnó na Gníomhaireachta, go háirithe chomh fada agus a bhaineann sé le baill foirne, croí-oibríochtaí agus leis na caidrimh atá againn.

Is aidhm le Tosaíocht Chorparáideach 1 inniúlacht na Gníomhaireachta bheith ag obair go straitéiseach, go héifeachtúil agus go sofhreagrach a mhéadú maidir le polasaithe agus páirtithe leasmhara, agus na caidrimh agus an chumarsáid is gá a threisiú le go mbeidh an Ghníomhaireacht in ann a feidhmeanna a chomhlíonadh agus an oiread tionchair agus is féidir a imirt.

Cuspóir Gnó	Príomhghníomhaíochtaí	Spriocanna Seachadta
1.1 Straitéiseacha a Dhéanamh: <ul style="list-style-type: none"> • Reachtaíocht. • Forbairt na Slatiascaireachta agus lascach. • Turasóireacht Mhuirí. • Eolaíocht. • Cumarsáid. 	Teagmháil leis na páirtithe leasmhara uile cuí. Bearta comhairliúcháin. Tuairiscí a dhréachtú agus a chur faoi bhráid an Bhoird agus na Ranna Coimircíochta.	Na bearta comhairliúcháin uile a bheith déanta faoin 31 Márta 2021. . Bearta comhairliúcháin poiblí a bheith déanta faoin 1 Meitheamh 2021. Tuairiscí a bheith déanta faoin 30 Meitheamh 2021.
1.2 Acmhainneacht agus Cumas Eagraíochtúil a Fhorbairt.	Athbhreithniú ar struchtúir eagraíochtúla. Athbhreithniú ar an fheidhm oibríochtúil Acmhainní Daonna.	Cead ó na Ranna Coimircíochta athbhreithniú iomlán eagraíochtúil a thionscnamh. R3. Struchtúir, próisis agus gnáthaimh Acmhainní Daonna i bhfeidhm de réir na gcleachtas is fearr. R4.

Is cuspóirí anonn ó 2020 iad na hathbhreithnithe.

Nuair a bheidh na hathbhreithnithe uile déanta, cuirfear tuairiscí, torthaí agus moltaí faoi bhráid an Bhoird agus na Ranna Coimircíochta le gur féidir leo iad a bhreithniú.

Beidh na hathbhreithnithe mar bhunús amach anseo le forbairt reachtaíochta, cinntí polasaí agus bainistíochta, Pleananna Gnó agus forbairt tionscadal.

Na Stiúrthóirí uile agus Ceann na hEolaíochta

Reachtaíocht: Athbhreithniú déanta.

Forbairt na Slatiascaireachta agus lasach: Athbhreithniú déanta.

Turasóireacht Mhuirí: Athbhreithniú déanta.

Athbhreithniú Eolaíochta: Athbhreithniú déanta.

Cumarsáid: Athbhreithniú déanta.

Eagras a bhfuil dóthain acmhainní aige agus na struchtúir chuí d'fhonn dualgais reachtaíochta a sheachadadh ar ardchaighdeán.

An Príomhfheidhmeannach

Níl sé déanta. Beidh sé seo ar an Chlár Rioscaí Corparáideacha mar riosca leanúnach. Tabharfar anonn mar chuspóir é go Plean Gnó 2022. Mar atá á dhéanamh ag Comhlachtaí eile Thuaidh/Theas, táthar ag súil go mbeidh tús curtha leis an athbhreithniú roimh an chéad tréimhse eile Pleanála Corparáidí.

Tá plé neamhfhoirmiúil déanta le hoifigigh ó na Ranna Coimircíochta.

Cuirfear páipéir faoi Líon na mBall Foirne agus Acmhainní chuig na Ranna Coimircíochta.

Tá páipéar le hullmhú do na Ranna Coimircíochta le cead a iarraidh téarmaí tagartha a dhréachtú maidir le hathbhreithniú iomlán eagraíochtúil.

Beidh cead de dhíth ó CATT ansin maidir le cead téarmaí tagartha a dhréachtú.

Tá tús curtha le hathbhreithniú ar an Fheidhm Acmhainní Daonna.

Cuspóir Gnó	Príomhghníomhaíochtaí	Spriocanna Seachadta
1.3 Straitéis um Theagmháil le Páirtithe Leasmhara a Fhorbairt.	Straitéis um Chumarsáid agus Teagmháil a fhorbairt agus í a chur i bhfeidhm i ndiaidh go mbeidh Athbhreithniú Cumarsáide déanta.	Straitéis Chumarsáide a bheith forbartha agus tús a bheith curtha le Plean Gnímh. Oiliúint a bheith faighte ag na baill foirne chuí.
1.4 Riachtanais sócmhainní: <ul style="list-style-type: none"> • An oifig ar an Ómaigh. • An oifig i gCairlinn. • Athchóiriú na Ceanncheathrún. • Uasdátú an fhlít. • Bonneagar TF. 	Tá athchóiriú na hoifige ar an Ómaigh déanta. Léas a chomhaontú agus an oifig i gCairlinn a fheistiú. An flít reatha a athbhreithniú agus athsholáthar a dhéanamh de réir mar is gá. Athbhreithniú a dhéanamh ar an bhonneagar TF agus é a uasdátú de réir mar is gá.	An dá oifig a bheith réidh agus ag feidhmiú go hiomlán faoi Mheitheamh 2021. An t-athbhreithniú a bheith déanta in R1 agus orduithe a bheith déanta in R2-4. An t-athbhreithniú a bheith déanta in R1
1.5 Athbhreithniú agus athscríobh ar Shláinte agus Sábháilteacht.	An córas Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta a athbhreithniú agus a uasdátú.	Ráiteas athscríofa Sláinte agus Sábháilteachta a bheith i bhfeidhm. An clár athbhreithnithe agus uasdátaithe polasaithe agus an clár oiliúna a bheith faofa ag an Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí. Seisiúin teagmhála agus chumarsáide leis an fhoireann faoi pholasaithe athscríofa a bheith déanta.

Aschur mar thoradh ar sheachadadh na spriocanna	Stiúrthóirí Freagracha	Uasdátú
<p>Tá teagmháil agus cumarsáid leanúnach, réamhghníomhach le páirtithe leasmhara mar bhunchloch na bpolasaithe iascach agus eolaíochta agus na bpróiseas cinnteoireachta a bhaineann leo.</p>	<p>An Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha</p>	<p>Tá an Straitéis um Chumarsáid agus Teagmháil déanta.</p>
<p>Cóiríocht ardchaighdeán a chur ar fáil atá neamhdhíobhálach don chomhshaol ó thaobh úsáid fuinnimh agus uisce, ina mbaintear úsáid níos éifeachtaí as an spás, a mbeidh laghdú ar an phunann chóiríochta oifige mar thoradh air, agus laghdú ar chostais chóiríochta dá réir.</p> <p>Flít feithiclí atá fóirsteanach dá fheidhm a chur ar fáil a chuireann an Gníomhaireacht ar a cumas a dualgais reachtúla a chomhlíonadh.</p> <p>A chinntiú go bhfuil an bonneagar cuí TF ag an Gníomhaireacht.</p>	<p>An Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha</p>	<p>An oifig ar an Ómaigh: Níl an dáta aistrithe socraithe ná comhaonaithe fós.</p> <p>An oifig i gCairlinn: Tá iarratas pleanála curtha isteach.</p> <p>Athchóiriú na Ceanncheathrún: Déanta.</p> <p>Uasdátú an fhlíit: Déanta.</p> <p>Bonneagar TF: Déanta.</p>
<p>Tá córas daingean bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta agus clár oiliúna neadaithe i gcultúr na Gníomhaireachta.</p>	<p>An Coiste Sláinte agus Sábháilteachta</p>	<p>Déanta i bpáirt. Tá Seirbhís Bhainistíochta nua Sláinte agus Sábháilteachta ceaptha ag an Gníomhaireacht. Tá an tseirbhís nua ag déanamh athbhreithniú iomlán faoi láthair ar an chóras bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta. Tá roinnt moltaí curtha i bhfeidhm go dtí seo. Bunaithe ar mhéid an tasc seo, is dócha gur lár 2022 a bheidh ann sula dtabharfar an tionscadal seo chun críche.</p>

1.6

Ullmhú don aistriú iar-imeachta ón AE trí shúil a choinneáil d'fhonn dúshláin agus deiseanna a aithint.

Anailís a dhéanamh ar dhúshláin agus deiseanna ionchasacha a mbeadh tionchar acu ar obair na Gníomhaireachta.

Anailís ina mionsonraítear dúshláin agus deiseanna a bheith ullmhaithe faoi dheireadh R1 agus athbhreithniú ráithiúil.

Teagmháil leis na Ranna Rialtais cuí agus le Comhlachtaí Poiblí eile faoi na deiseanna a chuirfidh ar a cumas don Gníomhaireacht cláir théamúla ábhartha a sheachadadh i réigiún na teorann. R4

Aschur mar thoradh ar sheachadadh na spriocanna

Stiúrthóirí Freagracha

Uasdátú

Tá an Gníomhaireacht aitheanta mar bhealach ionchasach le cláir bhainistíochta trasteorann comhshaoil agus iascach a sheachadadh i ndiaidh na Breatimeachta.

Príomhoifigeach Feidhmeannach agus na Stiúrthóirí uile.

Bhí na ceannairí sinsearacha páirteach i gcomhphlé straitéiseach comhstádais idirghníomhaireachta ar an 2 Iúil 2021 le deiseanna ionchasacha maidir le comhoibriú feabhsaithe straitéiseach idirghníomhaireachta a fhiosrú d'fhonn sinéirgí a chruthú maidir le Loch Feabhail a chaomhnú, a chosaint agus a mhaoirsiú mar áis uathúil chomhroinnte trasteorann chomhshaoil i Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt. Tháinig roinnt deiseanna líonraithe maidir le Straitéis Aeráide as an chomhphlé comhstádais.

Tosaíocht Straitéiseach 2

Leanacht lena bheith ag coinneáil, ag forbairt agus ag cur chun cinn bonn fianaise cruinn eolaíochta a sholáthraíonn sonraí agus eolas atá mar thaca agus mar fhoinsé eolais do chroí-oibríochtaí agus oibríochtaí reachtúla na Gníomhaireachta, agus san am céanna ról na Gníomhaireachta mar chaomhnóir eolas tábhachtach eolaíochta a chur chun cinn.

Bíonn láidreacht na Gníomhaireachta ag brath ar láidreacht na reachtaíochta atá mar thaca léi agus ar láidreacht na n-acmhainní atá aici leis an reachtaíocht a fhorfheidhmiú.

Oibreoidimid i gcomhar lenár Ranna Coimircíochta lena chinntiú go bhfuil reachtaíocht iascach agus chomhshaoil ann a ligfidh don Gníomhaireacht a dualgais reachtúla a chomhlíonadh.

Cuspóir Gnó	Príomhghníomhaíochtaí	Spriocanna Seachadta
2.1 Straitéis Eolaíochta a forbairt.	Athbhreithniú ar na gníomhaíochtaí reatha eolaíochta bunaithe ar dhualgais agus feidhm na Gníomhaireachta.	An t-athbhreithniú a bheith déanta agus moltaí a bheith curtha faoi bhráid an Bhoird. R2. Straitéis a bheith forbartha agus plan seachadta a bheith i bhfeidhm agus faofa ag an Bhord. R3 Tús a bheith curtha le cur i bhfeidhm an phlean seachadta. R4.
2.2 Uasghrádú agus cothabháil leanúnach ar áiritheoirí iasc.	Na gníomhaíochtaí cuí a chinnteoidh go ndéanfar uasghrádú agus cothabháil. Uasghrádú leanúnach ar áiritheoirí iasc agus ar an teicneolaíocht ghaolmhar.	Dearbhú a bheith tugtha maidir le réimse iomlán na riachtanas uasghrádaithe agus cothabhála sna háiritheoirí iasc uile a bhainistíonn an Gníomhaireacht. R1/2. Tús a bheith curtha leis an uasghrádú agus leis an chothabháil. R4.
2.3 An gá a d'fhéadfadh a bheith le forbairt ar Stáisiún Comhairimh na Finne a fhiosrú	Roghpháipéar a ullmhú agus a mheasúnú i dtaca le suíomh agus planáil maidir le háiritheoir na Finne.	Roghpháipéar maidir le planáil a bheith curtha faoi bhráid an Bhoird R2/3.

Aschur mar thoradh ar sheachadadh na spriocanna	Stiúrthóirí Freagracha	Uasdátú
Straitéis i bhfeidhm mar threoir uileghabhálach don chlár eolaíochta maidir le dualgais agus feidhm na Gníomhaireachta.	Ceann na hEolaíochta	<p>Déanta i bpáirt. Tá moill ar an chuspóir seo mar gheall ar an mhoill Ceann na hEolaíochta a earcú.</p> <p>Tá athbhreithniú Eolaíochta déanta agus cuirfear faoi bhráid an Bhoird é, moltaí san áireamh, in R2 2022.</p> <p>Ceapfar forbairt straitéise bunaithe ar thátail an Athbhreithniú Eolaíochta faoi R2 2022.</p>
Tá cáilíocht na sonraí barmhaith ach a chinntiú go bhfuil an trealamh uile áirithe iasc ag feidhmiú chomh maith agus is féidir agus go ndéantar uasghrádú air de réir mar is gá. Cuirfidh sé seo ar a cumas don Gníomhaireacht cinntí polasaí a dhéanamh bunaithe ar fhianaise.	An Stiúrthóir Caomhnóireachta agus Cosanta	Tá buiséad iomlán 2021 i dtaca le háiritheoirí sannta ach ní chríochnófar cuid de na tionscadail go dtí R1 2022 mar gheall ar shrianta COVID-19.
<p>Cead faighte ó na Ranna Coimircíochta Cás Gnó a ullmhú.</p> <p>Iarratas breise ar mhaoiniú caipitil curtha chuig na Ranna agus an maoiniú faighte.</p>	An Stiúrthóir Caomhnóireachta agus Cosanta agus an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha	Tá an fiosrúchán déanta. Léirigh anailís ar riosca tuile go bhfuil limistéar an gharáiste os cionn tuilemhá 1:100.

2.4

Suirbhéireachtaí gnáthóige de réir líonmhaireacht na n-iasc óg.

Anailís ar leibhéil na n-iasc óg.

Suirbhéireachtaí gnáthóige a dhéanamh agus tuairisc / anailís a dhéanamh ar na torthaí.

Suirbhéireacht ar bhreallaigh Áiseacha san Fheabhal a dhéanamh.

Léargas a bheith curtha ar fáil ar leibhéil na n-iasc óg sna córais a bhfuil an Ghníomhaireacht freagrach astu. R1/2.

Sceideal suirbhéireachtaí tosaíochta a bheith comhaontaithe agus aitheanta. R1/2.

Suirbhéireacht ar an Fheabhal a bheith déanta R1. Anailís a bheith déanta ar na torthaí agus léirmhíniú a bheith bainte astu R3. Tuairisc ar thorthaí na suirbhéireachtaí R4.

2.5

Úsáid a bhaint as ar bronnadh mar chuid de shocrú cúirte faoi choinne suirbhéanna breise, feabhsú gnáthóg agus cosc ar thruailliú ar an tSruthail.

Ionchur / maoirsiú teicniúil a chur ar fáil faoi choinne obair bhreise shuirbhéireachta.

Obair chomhaontaithe feabhsaithe gnáthóg agus cosc ar thruailliú ar an tSruthail.

Oibreacha feabhsaithe gnáthóg agus cosc ar thruailliú ar an tSruthail. R2.

Tús a bheith curtha leis an obair agus tuairiscí ráithiúla ar dhul chun cinn maidir leis an chomhaontú seirbhíse a bheith ar fáil. R2

2.6

Measúnú stoic maidir le hoisrí dúchasacha Loch Feabhail, monatóireacht bheantach agus monatóireacht ar éiceachórais, gníomhaíochtaí sceathraí / gníomhaíochtaí socraithe na ndébhlaoscach óg ar an tsubstráit, anailís ar shonraí i dtaca le hurghabháil iasc.

Gnáthmheasúnuithe stoic, gníomhaíochtaí monatóireachta, agus anailís ar shonraí.

Dhá mheasúnú stoic a dhéanamh ar oisrí dúchasacha i Loch Feabhail.

Monatóireacht bhliantúil bheantach agus ar éiceachórais a chur i gcrích.

Monatóireacht ar ghníomhaíocht sceathraí oisrí agus ar shocrú débhlascach óg ar an tsubstráit.

Anailís ar shonraí i dtaca le hurghabháil iasc.

Sceideal measúnuithe agus socruithe monatóireachta a bheith déanta. R1.

Measúnuithe agus monatóireacht a bheith á gcur i bhfeidhm. R1/2.

Sonraí a bheith ar fáil ar bhonn sceidealaithe as na gníomhaíochtaí uile thuas.

Aschur mar thoradh ar sheachadadh na spriocanna	Stiúrthóirí Freagracha	Uasdátú
<p>Tá eolas ó na suirbhéireachtaí gnáthóige mar bhunús le hobair Chaomhnóireachta agus Chosanta.</p>	<p>An Stiúrthóir Caomhnóireachta agus Cosanta</p> <p>Ceann na hEolaíochta</p>	<p>Tá suirbhéireachtaí 2021 leictriascaireachta déanta ar éisc óga agus ar ghnáthóga agus tá na sonraí tugtha le chéile.</p> <p>Tá na suirbhéireachtaí déanta.</p> <p>Tá anailísiú, léirmhíniú agus tuairisciú le críochnú in R1 2022.</p>
<p>Déantar bearta ar leith le feabhas a chur ar ghnáthóga agus ar chosc ar thruailliú sa tSruthail, bunaithe go díreach ar fhianaise faighte mar thoradh ar na suirbhéanna ar an abhainn.</p>	<p>An Stiúrthóir Caomhnóireachta agus Cosanta</p>	<p>Déanta.</p>
<p>Sonraí bainistíochta ardcháilíochta i dtaca le hoisrí dúchasacha Loch Feabhail a chur ar fáil, a bheidh mar bhunús le hobair chaomhnóireachta, chosanta agus forbartha.</p>	<p>Stiúrthóir Dobhar-shaothraithe agus Sliogiascach</p>	<p>Tá suirbhéanna sceathraí an earraigh agus an fhómhair déanta.</p> <p>Cuireadh monatóireacht i gcrích le linn na suirbhéanna san earrach agus san fhómhar.</p> <p>Críochnófar an anailís ar shonraí faoi éisc a tugadh i dtír nuair a dhruidfídh iascaith 2020/21 ar an 31ú Márta 2021.</p> <p>Tá an Anailís ar Shonraí Urghabhála 2021 déanta.</p>

Tosaíocht Straitéiseach 3

Acmhainní nádúrtha na ndobharcheantar atá faoi chúram reachtúil Gníomhaireacht na Lochanna a fhorbairt, a chur chun cinn agus a chothabháil trí chaomhnóireacht, feabhsú cáilíochta, cosaint speiceas agus gnáthóg, oideachas agus feasacht, obair chomhpháirtíochta agus rochtain inbhuanaithe ar ár n-acmhainní nádúrtha.

Féachann an Gníomhaireacht lena chinntiú go gcosnófar agus go gcaomhnófar Ceantair Loch Feabhail agus Loch Cairlinn ar mhaithe leis an ghlúin seo agus leis na glúine a thiocfaidh inár ndiaidh. Aithnímid an tábhacht atá le hoideachas agus obair for-rochtana le haird a tharraingt ar na dúshláin chomhshaoil a bhaineann leis na hacmhainní nádúrtha uathúla atá faoi chúram na Gníomhaireachta.

Cuspóir Gnó	Príomhghníomhaíochtaí	Spriocanna Seachadta
3.1 Athchóiriú agus feabhsú Abhainn na Moirne Bige.	An obair uile shuirbhéireachta agus mheasúnaithe a chríochnú. Plean athchóirithe a fhorbairt. Maoiniú breise a lorg ó na Ranna Coimircíochta.	Measúnú stádais ar an Mhoirn Bheag a bheith críochnaithe. R2. Plean Athchóirithe agus Feabhsaithe a bheith forbartha agus tús a bheith curtha leis an obair. R3. Cásanna Gnó fóirsteanacha faoi choinne maoiniú breise a bheith ullmhaithe agus curtha isteach chuig na Ranna Coimircíochta
3.2 Tionscadail Feabhsaithe Comhshaoil	Tionscadail Choillte Fliucha a aithint agus a sheachadadh i gcomhpháirtíocht leis an Woodland Trust agus comhpháirtithe ábhartha eile. Taighde agus forbairt a dhéanamh ar choincheapa do thionscadail sa todhchaí. Na codanna cuí den Phlean Gnímh Tírdhreacha a chur i bhfeidhm i mBinn Fhoibhne agus Ísealchríocha le cósta.	4 thionscadal ar a laghad a bheith seachadta faoi dheireadh Q4 – dhá cheann i gCairlinn agus dhá cheann i gceantar an Fheabhail. Coincheapa do thionscadail sa todhchaí a bheith forbartha. Q4.
3.3 Seachadadh leanúnach maidir leis na feidhmeanna forfheidhmithe / cosanta.	Plean Cosanta bliantúil a dhéanamh.	É a bheith curtha faoi bhráid an Bhoird. R1. An Plean Cosanta a bheith i bhfeidhm agus uasdátaithe go rialta bunaithe ar eolas ón mhuintir áitiúla.

**Aschur mar thoradh
ar sheachadadh na
sprioceanna**

Stiúrthóirí Freagrach

Uasdátú

<p>Athchóiriú gnáthóg agus leaba abhann na Moirne Bige ar mhaithe leis na hiascaigh.</p>	<p>An Stiúrthóir Caomhnóireachta agus Cosanta agus Ceann na hEolaíochta.</p>	<p>Tá an obair shuirbhéireachta agus an Plean Athchóirithe déanta.</p> <p>Tá dréacht den Chás Gnó déanta agus tá buiséad san áireamh i bPlean Gnó 2022.</p>
<p>Réitigh i gcomhar le húinéirí talún agus leis an phobal feirmeoireachta bunaithe ar an dúlra a úsáid le haibhneacha a chosaint ar thruailliú ionchasach.</p>	<p>An Stiúrthóir Caomhnóireachta agus Cosanta</p> <p>An Stiúrthóir Forbartha</p> <p>Ceann na hEolaíochta</p>	<p>Déanta. Tá réitigh bunaithe ar an dúlra seachadta in 18 láthair i gceithre shuíomh tionscadail, áit a bhfuil 57,133 crann curtha.</p> <p>Tá Bliain 1 as cúig bliana i gcrích.</p> <p>Tá suirbhéanna suímh agus sonraíochtaí do shuíomhanna déanta. Tá oibreacha ullmhúcháin déanta do chlár athléimneachta feirmeacha agus tionscadail áineasa faoin aer.</p>
<p>80% de dhualgais forfheidhmithe pleanálte agus dírithe ar spriocanna ar leith.</p> <p>Soláthar fianaise ardcháilíochta mar thaca le feidhmeanna reachtúla forfheidhmithe.</p>	<p>An Stiúrthóir Caomhnóireachta agus Cosanta</p>	<p>Tá na gnáthghníomhaíochtaí uile forfheidhmithe ag dul ar aghaidh de réir na sprice. Tá moill ar chúirteanna mar gheall ar COVID-19. Tá cáschomhaid chasta ag teacht le spriocanna reachtúla.</p>

3.4

Feabhsú ar stádas comhshaoil agus soch-eacnamaíochta lascach Oisrí Dúchasacha Loch Feabhail.

Limistéir atá fóirsteanach faoi choinne athchuir / feabhsúcháin a aithint agus tionscadal athleagtha sliogábhar beirtrí a dhéanamh.

Fiosrú a dhéanamh maidir leis na féidearthachtaí an margadh intíre a fhorbairt agus caighdeán um inrianaitheacht táirgí a thabhairt isteach i dtaca le hoisrí dúchasacha Loch Feabhail. Leanúint le teagmháil le Tionscadal SAFER (Cnuasaigh Chliste Bia Mara Atlantaigh) agus le grúpaí oibre oidhreachta.

Na tosaíochtaí tionscadail uile sna pleananna reatha tionscadail a bheith curtha i bhfeidhm de réir sceidil.

Tuairiscí a bheith tugtha i rith na bliana faoin chaighdeán um inrianaitheacht táirgí.

A bheith ag cur go leanúnach le tionscnaimh a bhaineann go díreach le hoisrí dúchasacha tríd an Ghrúpa Straitéiseach Bia i gComhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSraitha Báin.

3.5

An tslatiascaireacht a fhorbairt trí theagasc, cóitseáil agus rannpháirtíocht.

Na linnte slatiascaireachta ag an Cheanncheathrú a chothabháil agus a fheabhsú.

Clár oiliúna a fhorbairt do Theagascóirí agus Cóitseálaithe Slatiascaireachta. Sraith de 8-10 mbunseisiún slatiascaireachta a sheachadadh. Áiseanna fóirsteanacha i gceantar Chairlinn a fhiosrú d'fhonn mol slatiascaireachta a bhunú.

Plean cothabhála a bheith forbartha. R1. An obair uile cothabhála a bheith déanta. R2

Ar a laghad 3 chlár oiliúna deimhnithe slatiascaireachta a bheith seachadta R2 agus R3.

Clár Ghradaim CAST a bheith seachadta do 250 duine. R4

Taighde a bheith déanta maidir le measúnú roghanna i dtaca le bunú áiseanna do mhol slatiascaireachta i gceantar Chairlinn agus an measúnú roghanna a bheith curtha le chéile.

Aschur mar thoradh ar sheachadadh na spriocanna	Stiúrthóirí Freagracha	Uasdátú
<p>Próifíl aoise agus cáilíocht na n-oisrí dúchasacha a fheabhsú.</p> <p>Luach a chur leis an oisre dúchasach trí thionscnaimh mhargaíochta.</p>	<p>An Stiúrthóir Dobharshaothraithe agus Sliogiascach</p>	<p>Rinneadh an obair le limistéir fhóirsteanacha faoi choinne gnáthóg a aithint le linn na suirbhéanna ar oisrí dúchasacha.</p> <p>Rinneadh síonchaitheamh ar an sliogábhar beirtrí ag Calafort an Fheabhail.</p> <p>Tá teagmháil leanúnach ann leis an Ghrúpa Straitéiseach Bia.</p>
<p>Ag obair i gcomhpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara cuí le hinbhuanaitheacht na slatiascaireachta a fheabhsú agus an deis a thabhairt do thuilleadh daoine dul ag iascaireacht.</p>	<p>An Stiúrthóir Forbartha</p>	<p>Ní dearnadh dul chun cinn maidir leis an chuspóir seo in 2021 mar gheall ar mhoill ar an Athbhreithniú ar Thurasóireacht Mhuirí.</p>

3.6

Tionscadail ionchasacha a fhorbairt lena gcur isteach in iarratais ar mhaoiniú seachtrach.

Taighde agus forbairt a dhéanamh ar thionscadail ionchasacha.

Na comhpháirtithe cuí a fháil ar bord.

Coincheapa tionscadail agus cuibhreannais chomhpháirtíochta a bheith forbartha faoi dheireadh R1.

Iarratas PEACE PLUS a bheith déanta agus curtha isteach.

3.7

Cláir oideachais agus for-rochtana le tacaíocht ionchuir theicniúil ar fud na Gníomhaireachta.

Seachadadh Comhdháil Óige Bhliain Idirnáisiúnta an Bhradáin.

Sraith de 4 chlár teagmhála scoile agus pobalbhunaithe a fhorbairt agus a sheachadadh.

Clár imeachtaí a sheachadadh ar líne nó ag comhdháil. Maoiniú breise a lorg don Chlár Ambasadóirí. Tuairiscí ráithiúla faoin phróiseas seo. R1 agus i gcaitheamh na bliana.

Seachadadh ar líne nó Comhdháil, agus coimre ar ábhair chomhdhála foilsithe ar líne. R1/2.

Pleananna agus sceideal do gach ceann de na cláir a bheith i bhfeidhm faoi R1 agus R2.

Cláir a bheith seachadta faoi R3.

3.8

Uiscí ceada na Gníomhaireachta a fhorbairt.

Athbhreithniú ar shocruithe léasa.

Iniúchadh inrochtaineachta.

Pleananna feabhsúcháin a fhorbairt.

Léasanna a bheith athbhreithnithe agus tuairisc a bheith curtha chuig an Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí. R4.

Suirbhéireacht a bheith déanta ar inrochtaineacht ar an tslatiascaireacht agus ar dhálaí slatiascaireachta. Tuairisc a bheith curtha faoi bhráid na Foirne Bainistíochta Sinsearaí. R2.

Ach an buiséad a bheith ann faoina choinne, an bonneagar rochtaineachta ar an tslatiascaireacht a bheith deisithe nó athsholáthartha de réir ord tosaíochta. R2 agus R3.

<p>Aschur mar thoradh ar sheachadadh na spriocanna</p>	<p>Stiúrthóirí Freagracha</p>	<p>Uasdátú</p>
<p>Tá tionscadail ábhartha a fheabhsaíonn seachadadh dualgais agus feidhmeanna na Gníomhaireachta agus a thacaíonn leis maoinithe go seachtrach.</p>	<p>An Stiúrthóir Forbartha</p>	<p>Déanta i bpáirt. Tá próiseas meaitseála tionscadal forbartha, tá taisce smaointe bunaithe agus tá monatóireacht déanta ar dheiseanna maoinithe.</p> <p>Tá réamh-choincheapa tionscadail forbartha le theacht sna sála ar SeaMonitor, agus tá deiseanna maoinithe ón AE aitheanta. Tá Ceann na hEolaíochta agus Bainisteoir Tionscadail SeaMonitor ag stiúradh na hoibre seo agus á tabhairt chun críche.</p> <p>Níor cuireadh tús le Clár PEACE+ go fóill.</p>
<p>Cinnte déanta de go mbíonn cumarsáid éifeachtach ann faoi chroífheidhmeanna Gníomhaireacht na Lochanna.</p> <p>Mothaíonn daoine i gceantair an Fheabhail agus Chairlinn go bhfuil teagmháil níos fearr acu leis an timpeallacht áitiúil. Comhdháil Bhliain Idirnáisiúnta an Bhradáin seachadta go rathúil.</p>	<p>An Stiúrthóir Forbartha</p> <p>An Stiúrthóir Dobhar-shaothraithe agus Sliogiascach</p>	<p>Forbraíodh Clár Ambasadóirí an Fheabhail agus Chairlinn agus Tionscadal Choimeádaithe na Sruthán ach níor seachadadh iad mar gheall ar shrianta COVID-19. Síníodh an maoiniú don chlár go 2022 lena sheachadadh a éascú.</p> <p>Níor seachadadh obair for-rochtana tríd na scoileanna in 2021.</p> <p>Déanta.</p>
<p>Léasanna uasdátaithe d’uiscí ceada na Gníomhaireachta.</p> <p>Plean cothabhála do bhonneagar slatiascaireachta in uiscí ceada na Gníomhaireachta.</p> <p>Feabhas ar rochtain ag slatiascairí, agus maolú ar an fhéidearthacht go mbeadh éilimh i dtaca le gortú ann mar gheall ar rochtain fhochaighdeáin ar an tslatiascaireacht.</p>	<p>An Stiúrthóir Forbartha</p>	<p>Níl sé déanta. Tá athbhreithniú dréachta agus suirbhéanna bunaithe ar theagmháil idir na Stiúrthóireachtaí sa Gníomhaireacht idir lámha agus cuirfear i gcrích iad in R2 2022.</p>

3.9

Straitéis um Athrú Aeráide

Ráiteas Polasaí agus Straitéis a fhorbairt atá ag teacht le tionscnaimh Rialtais.

Polasaí agus Straitéis a bheith dréachtaithe agus comhairliúchán a bheith déanta ina leith. R2.

3.10

An bonneagar cuí inrochtaineachta agus clár oibreacha gnáthóige agus athchuir a fhorbairt.

Clár oibreacha ar aibhneacha a fhorbairt agus a sheachadadh le huastáirgeadh salmanaidí óga a optamú.

Coimítmintí reatha ó 2020 tacú le tionscnaimh stiúrtha ag comhpháirtithe seachtracha maidir le bonneagar inrochtaineachta abhainnbhunaithe mar chuid den fhorbairt tuaithe a chomhlíonadh.

Clár oibreacha ar fud na ndobharcheantar a bheith aitheanta agus tús a bheith curtha leis. R1.

5 scéim ar a laghad a bheith tugtha chun críche faoi R4.

An obair thionscadail le grúpaí LEADER ó 2020 a bheith déanta. R1.

3.11

Gníomhaíochtaí áineasa mairí agus nádúir faoin aer a fhorbairt.

Straitéis agus clár a fhorbairt le tuilleadh daoine a mhealladh le bheith páirteach i ngníomhaíochtaí áineasa agus fóillíochta faoin aer.

I gcomhpháirtíocht leis na páirtithe cuí, maoiniú a lorg le clár teagaisc, cóitseála agus rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí áineasa faoin aer a chur i bhfeidhm.

An Straitéis agus an Plean Gnímh a bheith déanta in R1. Ba chóir go mbeadh sé mar aidhm sa Phlean 8 n-imeacht gníomhaíochta áineasa faoin aer a dhéanamh in aghaidh na bliana.

Comhpháirtithe agus deiseanna maoinithe a bheith aimsithe. R1.

Clár oiliúna a bheith forbartha agus seachadta do theagascóirí agus cóitseálaithe i spóirt agus gníomhaíochtaí áineasa uiscebhunaithe. R3.

Aschur mar thoradh ar sheachadadh na spriocanna	Stiúrthóirí Freagracha	Uasdátú
Tá an Straitéis um Athrú Aeráide neadaithe i bpleanáil tionscadal.	Ceann na hEolaíochta	Tá obair idir lámha ar Phlean Gníomhaithe na Gníomhaireachta ar son na hAeráide; bhí an mhoill ar earcú Ceann na hEolaíochta ina bhac ar an obair seo, áfach.
<p>Forbairt leanúnach ar ghnáthóga salmainidí óga.</p> <p>An clár oibreacha aibhneacha á bhainistiú de réir sceidil agus bearta cuí maolaithe riosca i bhfeidhm.</p>	<p>An Stiúrthóir Caomhnóireachta agus Cosanta</p> <p>An Stiúrthóir Forbartha</p>	<p>Déanta.</p> <p>Déanta. Tá na hoibreacha ábhartha uile déanta agus tá gnéithe 2021 déanta.</p>
<p>Caidrimh éifeachtacha oibre agus cur chuige na comhpháirtíochta bunaithe le Comhairlí i gceantair an Fheabhail agus Chairlinn, le Spórt TÉ, le Spórt Éireann agus leis na Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe.</p> <p>Deiseanna ar rannpháirtíocht mhéadaithe a fhorbairt; riachtanais le hacmhainn a fhorbairt i gclubanna atá ann cheana féin, agus bearnaí sa soláthar aimsiú.</p> <p>Nasc idir níos mó daoine agus na hacmhainní nádúrtha i gceantair an Fheabhail agus Chairlinn.</p>	An Stiúrthóir Forbartha	Ní dearnadh dul chun cinn maidir leis an chuspóir seo in 2021 mar gheall ar mhoill ar an Athbhreithniú ar Thurasóireacht Mhuirí.

Tosaíocht Straitéiseach 4

Gníomhaireacht na Lochanna a athrú ó bhonn trí infheistíocht sna daoine atá linn trí chumas agus éifeachtúlacht ár bhfoirne a ardú; trí eagrais atá cumasaithe go digiteach a chruthú trínár gcórais a uasghrádú; trínár gcultúr maidir le cinntí fianaisebhunaithe a dhéanamh agus a phleanáil a neartú trí léargais nua a lorg le hathléimneacht chorparáideach a chruthú.

Cuspóir Gnó	Príomhghníomhaíochtaí	Spriocanna seachadta
4.1 Uathoibriú teicneolaíochta sna cláir uile d'fhonn acmhainn áiseanna na Gníomhaireachta maidir le seachadadh seirbhísí a mhéadú.	Straitéis agus Córas um Bainistiú Sonraí Eolaíochta a fhorbairt. Straitéis agus Córas Bainistíochta Tionscadal a fhorbairt.	Athbhreithniú ar na córais agus moltaí reatha a bheith déanta. R2. Straitéisí, Pleananna Gnímh agus córas a bheith i bhfeidhm. R4.
4.2 Taighde ar an mhargadh.	Clár bliantúil i dtaca le taighde ábhartha ar an mhargadh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.	Plean bliantúil a bheith comhaonaithe agus tugtha chun críche; tús a bheith curtha leis an phlean. R1. An clár a bheith críochnaithe faoi R4.
4.3 Gníomhaíochtaí Margaíochta.	Clár margaíochta agus imeachtaí a fhorbairt a thugann san áireamh srianta COVID-19. Uasdátuithe agus monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí ábhartha. Taighde agus forbairt leanúnach ar bhealaí nua margaíochta.	Plean a bheith i bhfeidhm. R1. Gníomhaíochtaí seachadta. R4. Tuairisc a bheith déanta ar thionscnaimh nua, nuálacha margaíochta atá forbartha le húsáid láithreach agus sa todhchaí agus í a bheith curtha faoi bhráid an Bhoird. R2 agus le bheith uasdátaithe in R4.

Mar eagrais, bímid ag idirghníomhú le réimse leathan páirtithe leasmhara, le Comhlachtaí Rialtais gaolmhara eile, le húdaráis áitiúla agus le pobail áitiúla. In 2021, lean muid de bheith ag cur lenár gclú mar chomhpháirtí a bhfuil meas orainn agus iontaobh asainn agus ar féidir leis comhfhíseanna a fhíorú maidir le bainistiú na hinfheistíochta i ndaoine agus in áiteanna le héifeacht barmhaith agus de réir Threoir Straitéiseach na Gníomhaireachta.

Aschur mar thoradh ar sheachadadh na spriocanna	Stiúrthóirí Freagracha	Uasdátú
<p>Córais shlána bainistíochta i bhfeidhm. Déantar cinntí maidir le tionscadail agus polasaithe bunaithe ar fhianaise ó na córais bainistíochta sonraí agus tionscadal.</p> <p>Tá gach gné de bhainistíocht tionscadal imeasctha agus neadaithe i gcultúr na Gníomhaireachta.</p>	Ceann na hEolaíochta agus an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha	<p>Déanta i bpáirt. Tá moill ar chomhlíonadh an chuspóra seo mar gheall ar an mhoill ar earcú Ceann na hEolaíochta.</p> <p>Tá an córas Bainistíochta Tionscadal á athbhreithniú.</p>
Sonraí ábhartha, tráthúla, inghníomhaithe ar fáil agus iad mar bhunús le forbairt tionscadal agus le forbairt eagraíochtúil.	An Stiúrthóir Forbartha	Déanta. Rinneadh taighde ar an mhargadh a cheapadh agus a sheachadadh i gcomhar le Gray's Communications.
<p>Gníomhaíochtaí nuálacha margaíochta seachadta le gur féidir gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a phoibliú.</p> <p>Soláthróidh tionscnaimh mhargaíochta sa todhchaí ardán faoi choinne gníomhaíochtaí leanúnacha poiblíochta a sheachadfar go fíorúil nó go fisiciúil.</p>	An Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha	<p>Déanta. Rinneadh clár gnímh margaíochta a cheapadh agus a sheachadadh i gcomhar le Gray's Communications.</p> <p>Ceapadh seirbhís bhainistíochta in 2021 i ndiaidh do Athbhreithniú Cumarsáide a bheith déanta – bíonn an Bord á tiomáint agus ag tabhairt tacaíochta di.</p>

4.4

Uasghrádú ar Riverwatch, eispéireas do chuairteoirí, d'fhonn gnéithe nua, nuálacha a thabhairt isteach.

Clár le gnéithe nuálacha a fhorbairt mar thaca le for-rochtain agus oideachas.

Plean tionscadail agus cúrsaí airgeadais a bheith dearbhaithe faoi dheireadh R1.

Tús a bheith curtha leis na hoibreacha in R1 agus a bheith críochnaithe faoi dheireadh R2.

4.5

Áit oibre atá sábháilte a chur ar fáil agus an fhoireann a spreagadh le bheith páirteach i ngníomhaíochtaí a chuireann an tsláinte agus an fholláine chun cinn.

Straitéis, Polasaí agus Plean Gnímh Sláinte agus Sábháilteachta a fhorbairt.

Teagmháil leis an fhoireann leis an tsláinte agus an fholláine a chur chun cinn do chách.

Straitéis agus Plean a bheith comhaontaithe le hionadaithe na bhfostaithe. R1.

Tús a bheith curtha le seachadadh an Phlean Gnímh R2-4.

Seisiúin teagmhála leis an fhoireann leis an tsláinte agus an fholláine a chur chun cinn a bheith ar siúl i gcaitheamh na bliana – é seo a bheith curtha i gcrích. R4.

4.6

Tionscnaimh Laghdaithe Carbóin a thabhairt isteach i ngach réimse freagrachta a chuidíonn dul i ngleic le dúshlán a bhaineann leis an athrú aeráide san áit oibre.

Astuithe ónár ngníomhaíochtaí féin a laghdú i gcomhpháirtíocht le réimse de ghníomhaireachtaí rialtais agus páirtithe leasmhara eile; gníomh a dhéanamh ar fud na ndobharcheantar a chuireann le neodracht ó thaobh carbóin de, agus forbairt inbhuanaithe i bpobail ar fud na timpeallachta nádúrtha.

Iníúchadh ar astuithe carbóin ar fud na Gníomhaireachta a bheith déanta faoin R3.

Moladh maidir le bearta maolaithe a bheith forbartha bunaithe ar an iniúchadh ar astuithe carbóin. Sprioc a bheith ann laghdú 7% ar a laghad a bhaint amach in 2021. R4.

Straitéis gan pháipéar ag úsáid na néalteicneolaíochta. R4.

4.7

Tacú le seachadadh leanúnach cuspóirí gnó Gníomhaireacht na Lochanna trí Straitéis Foghlama agus Forbartha trí bliana a fhorbairt.

Anailís ar riachtanais oiliúna agus forbartha foirne.

Straitéis Foghlama agus Forbartha a cheapadh.


Clár oiliúna foirne a thionscnamh agus a chur i bhfeidhm. R1.

Gníomhartha 2020 bunaithe ar an Straitéis Foghlama a bheith dearbhaithe. R1.

Bunchlár oiliúna a bheith i bhfeidhm agus sceidealaithe. R1.

Samhail mheasúnachta foirne a bheith comhaontaithe agus curtha i bhfeidhm ag gach leibhéal sa Gníomhaireacht. R4.

Aschur mar thoradh ar sheachadadh na spriocanna	Stiúrthóirí Freagracha	Uasdátú
Eispéireas feabhsaithe do chuairoteoirí ar Riverwatch trí thionscadail feabhsúcháin dhigiteacha.	An Stiúrthóir Forbartha	Níl sé déanta. Bhí Riverwatch druidte i gcaitheamh 2021 de réir threoir rialtais. I ndiaidh go ndearnadh measúnú ar na háiseanna atá ar fáil, d'iarr an Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí athbhreithniú iomlan ar Riverwatch in 2022.
Iarracht á dhéanamh líon meánach na laethanta a chailltear mar gheall ar thinneas a laghdú trí shláinte agus folláine na bhfostaithe a fheabhsú trí thionscnaimh ábhartha.	An Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha	Tá Straitéis Folláine i bhfeidhm. Bhí an Plean Gnímh srianta mar gheall ar COVID-19, ach tá oiliúint ar líne déanta ag formhór na mball foirne.
Cur le tionscnaimh rialtais trí astuithe carbóin ónár bhfoirgnimh agus ón fhlít feithiclí agus bád a mhaolú.	An Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha	<p>Deanta i bpáirt. Bíonn néalteicneolaíocht á cur i bhfeidhm nuair is féidir.</p> <p>Tá moladh á dhréachtú maidir le bearta maolaithe.</p> <p>Tá Measúnuithe Rátála Fuinnimh Foirgneamh déanta sa Cheanncheathrú agus san oifig ar an Ómaigh.</p>
Cultúr bunaithe i dtaca le forbairt foirne agus an fhoireann spreagtha lena bhforbairt phearsanta agus ghairmiúil féin a fhorbairt le tacaíocht ón fhoireann bhainistíochta, agus dóthain áiseanna a bheith ar fáil le freastal ar riachtanais forbartha aitheanta atá ag teacht le riachtanais ghnó.	An Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha	<p>Tá córas measúnachta foirne i bhfeidhm agus á fheidhmiú. Tá maitris oiliúna faofa.</p> <p>Tá clár oiliúna maidir le riachtanais reachtúla déanta.</p>



Loughs Agency Annual Financial Statements **2021**

Year ended 31 December 2021

Contents

	Page No.
Foreword to the Accounts	154
Statement of Accountable Person's Responsibilities	158
Statement on Internal Control	159
Audit Certificate	163
Income Statement	167
Statement of Comprehensive Income	168
Statement of Financial Position	169
Statement of Changes in Equity	170
Statement of Cash Flows	171
Notes to the Accounts	172
Appendix 1 Accounts Direction	205



Foreword to the Accounts

The Board presents the financial accounts for the year ended 31 December 2021.

Statutory Background

Loughs Agency (the Agency) of the Foyle, Carlingford and Irish Lights Commission (FCILC), a North South Implementation Body, inherited the functions and responsibilities of the Foyle Fisheries Commission with regard to the conservation, protection, management and improvement of the fisheries of the cross border Foyle Area. The FCILC became operational on 2 December 1999 at which time the assets and liabilities of the Foyle Fisheries Commission were transferred to Loughs Agency.

The FCILC is legislated by the North South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999 and the British Irish Agreement Acts 1999 and 2002. The Board of the FCILC reports to the North South Ministerial Council (NSMC) and its government Sponsor Departments both North and South – the Department of Agriculture, Environment and Rural Affairs in the North (DAERA), and the Department of the Environment, Climate and Communications in the South (DECC).

The FCILC was to be composed of two agencies, Loughs Agency and the Lights Agency. It was intended that the Lights Agency, when established, would replace the Commissioners of Irish Lights as the General Lighthouse Authority for Ireland. However, given the complexities that have arisen in terms of pursuing such a transfer of functions, the transfer has not taken place. These accounts deal with Loughs Agency of the FCILC. The Lights Agency is not in operational existence

The accounts have been prepared in accordance with:

- A form directed and approved by the Department of Finance and the Department of Public Expenditure and Reform, as provided for in the Body's Financial Memorandum; and
- The North South Annual Reports and

Accounts Guidance provided by the Department of Finance and the Department of Public Expenditure and Reform.

Business Review

A full review of the Agency's activities is given in the Annual Report.

Results for the Year

The Agency is jointly funded by DAERA in the North and DECC in the South (the Sponsor Departments). Loughs Agency had a deficit of £107,669/€125,255 for the year ended 31 December 2021 (2020: surplus of £86,703/€97,451).

Fixed Assets

Details of the movement in fixed assets are set out in Note 10 to the Accounts.

Research and Development

Total expenditure on Research and Development in 2021 was £NIL (2020 – £NIL).

Charitable Donations

The Agency made no charitable donations during the year.

Business Plan 2021

The NSMC approved the Agency's 2021 Business Plan (including budget allocation) at the Twenty-Sixth Plenary Meeting held on the 30 July 2021. The Business Plan was completed in accordance with agreed guidance issued by the Department of Finance and the Department of Public Expenditure and Reform, and agreed by Sponsor Departments and Finance Ministers.

Prior to formal approval contingency arrangements were put in place by Sponsor Departments.

Board Members

The functions of the Agency are exercised by the Board. The Board monitors and directs the work of the Agency towards the achievement of objectives set out in the Corporate and Business Plans, which are approved by the NSMC.

The following served as Board Members during the period:

Mr Laurence Arbuckle	Chair / Member	Chair term ended 12/12/21. Appointed Member from 13/12/21.
Ms Heather Mackey	Member / Chair	Member term ended 12/12/21. Appointed Chair from 13/12/21.
Mr Andrew Duncan	Vice Chair	Term ended 12/12/21
Mr Michael McCormick	Member	Term ended 12/12/21
Mrs Phil Mahon	Member	Term ended 12/12/21
Mr Allan Ewart	Member	Term ended 12/12/21
Mr Ian McCrea	Member	Term ended 12/12/21
Mr Patrick Gibbons	Member	Term ended 12/12/21
Mr Alastair Patterson	Member	Term ended 12/12/21
Mrs Fiona Walsh	Member	Term ended 12/12/21 re-appointed 13/12/21
Mr Terry McWilliams	Member	Appointed 16/12/20
Mr Danny Kennedy	Member	Appointed 30/07/21
